Institiúid Oideachais MARINO Institute of Education

Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

TUAIRISC AN UACHTARÁIN 2017

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin

IOM Tuairisc an Uachtaráin 2017

marinoinstituteofeducation @MarinoInstitute marino-institute-of-education

www.mie.ie

Clár an Ábhair

Brollach le Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe 1

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2

Réamhrá le hUachtarán Institiúid Oideachais Marino 3

IOM-Coláiste Na Tríonóide Straitéis Chomhoibríoch 4

1 MÚINTEOIREACHT & FOGHLAIM

1.1 Cláir Acadúla IOM 6

1.1.1 Straitéis mar threoir d'fhorbairt na gclár acadúil 6

1.1.2 Cláir Fochéime 6

1.1.2.1 Baitsiléir san Oideachas 6

1.1.2.2 Baitsiléir san Eolaíocht (Léann an Oideachais) 6

1.1.2.3 Baitsiléir san Eolaíocht (Oideachas Luath-Óige) 6

1.1.3 Cláir Iarchéime

1.1.3.1 Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas) 7

1.1.3.2 Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunscoil) 7

1.1.3.3 Máistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Idirchultúrtha) 7

1.1.3.4 Máistreacht Ghairmiúil i Léann an Oideachais (Oideachas Luath-Óige) 8

1.1.3.5 Máistreacht i Léann an Oideachais (Ceannaireacht san Oideachas Críostaí) 8

1.1.3.6 Máistreacht i Léann an Oideachais (Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe) 8

1.1.3.7 Máistreacht i Léann an Oideachais (Amharc-Ealaíona) 9

1.2 Curaclam & Oideolaíocht – Bealach Marino 9

1.2.1 Comhpháirtíocht le Scoileanna, le Suíomhanna Luath-Óige agus le hEagraíochtaí Ceangail san Earnáil Oideachais i gcoitinne 9

1.2.2 Teicneolaíocht Dhigiteach don Oideachais: I dTreo Cur Chuige Chruthaithigh 10

1.2.2.1 Ról lárnach na hOideolaíochta 10

1.2.2.2 Códú i gComhthéacs 10

1.2.3 Cleachtas na Múinteoireachta 11

1.2.4 Comhtháthú, Samhlaíocht & Nuálaíocht 12

1.2.5 Ár dTraidisiún Gaelach Cultúrtha agus Teanga a Chothú, agus Páirt a Ghlacadh sa Phobal Domhanda 12

1.2.6 Oideachasóirí a spreagadh trí Thaighde agus Mhachnamh 12

2 TAIGHDE

2.1 An Straitéis Taighde 14

2.2 ERASMUS+ 14

2.2.1 Múinteoirí a Chumasú ó thaobh na Cuimsitheachta sa lá atá inniu ann agus don lá amárach 14

2.2.2 EEP – An Próiseas Ríomhphunainne a Chumasú 14

2.3 Taighde Maoinithe Náisiúnta agus Trasteorann 15

2.3.1 Roghanna agus Nósanna Léitheoireachta Daoine Óga 15

2.3.2 Tuairisc ar Chomhairliúchán le Páistí agus le Daoine Óga ar Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe, Deireadh Fómhair 2016 15

2.3.3 Tuairisc ar na cainteanna Ceardlainne ag Seóthaispeántas Chomhairle na nÓg, Samhain, 2016 16

2.3.4 An Ciste um Mhúinteoireacht agus Fhoghlaim a Fheabhsú 16

2.4 Foilseacháin le Déanaí 16

2.4.1 Rannóg na Gaeilge, 2015-2017 16

2.4.2 Become the Primary Teacher Everyone Wants to Have: A Guide to Career Success, Dr. Seán Delaney 17

2.4.3 Introducing Bronfenbrenner: A Guide for Practitioners and Students in Early Years Education, Nóirín Hayes, Leah O'Toole agus Ann Marie Halpenny 17

2.4.4 Nuair a Stadann an Ceol, Dr, Marie Whelton 18

2.5 Leabharlann IOM 18

3 IONCHUIMSITHEACHT AGUS COMHIONANNAS

3.1 Ionchuimsitheacht agus Comhionannas 20

3.2 Comhpháirtíochtaí Pobail agus Forochtana 20

3.2.1 Oideachas Forbartha agus Idirchultúrtha (DICE) 20

3.2.2 Buanchomhdháil maidir le hOideachas Múinteoirí Thuaidh Theas (SCoTENS) – Béarla a mhúineadh mar Theanga Bhreise 20

3.2.3 Clár Rochtana Marino ar an Múinteoireacht 21

3.2.4 Tionscnamh IOM, Chomhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus Leabharlanna Bhaile Átha Cliath – an Tionscadal Scéalaíochta 21

3.2.5 An Nasc-Chlár Scoileanna 22

3.2.6 Bealach Rochtana ar Ardoideachas agus Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 23

3.3 Iolrachas agus Oideachas 23

3.3.1 Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) agus Institiúid Oideachais Marino (IOM) – Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Ghairmithe Scoileanna Náisiúnta Pobail 23

3.3.2 An Dr Rowan Williams - Risking Faith in Conversation, Risking Faith in Schools 24

3.3.3 Iolrachas Cultúrtha agus Reiligiúnach san Oideachas 24

4 SAOL NA MAC LÉINN

4.1 Eispéireas Mac Léinn & Tacaíocht 26

4.1.1 Guth na Mac Léinn 26

4.1.2 An Coiste Idirchaidrimh um Fhoireann agus Mhic Léinn 26

4.1.3 Sláinte na Mac Léinn 26

4.2 Gníomhaíochtaí Comhchuraclaim agus Seach-Churaclaim 27

4.2.1 Ceol in IOM 27

4.2.2 Cluichí Gaelacha 28

4.2.3 Corpacmhainn agus Spórt 28

4.2.4 Suaimhneas 29

4.2.5 Scríbhneoir Cónaithe IOM 29

4.2.6 Seóthaispeántas Mhic Léinn an Bhonnchláir Idirnáisiúnta leis an Uasal Richard Bruton, TD, Aire Oideachais agus Scileanna 29

4.3 Teicneolaíocht ag cur le Córais agus Foghlaim na Mac Léinn 30

4.3.1 Foghlaim Sholúbtha 30

4.3.2 Córas Coinneála Taifead IOM – Maestro 30

4.3.3 Moodle agus Mahara 30

5 COMHOIBRIÚ, IDIRCHAIDREAMH & SEIRBHÍS DEN SCOTH

5.1 Comhoibriú 32

5.1.1 Comhoibriú idir IOM & Coláiste na Tríonóide 32

5.1.1.1 An Scoil Oideachais, Coláiste na Tríonóide agus 32

5.1.1.2 An Lárionad um Thaighde ar TF san Oideachas (CRITE), Coláiste na Tríonóide agus IOM 32

5.1.1.3 Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide 33

5.1.1.4 Iontaobhas Ghlas Naíon, an Roinn Staire, Coláiste na Tríonóide agus IOM 33

5.1.1.5 Comhairleoireacht, Seirbhís do Mhic Léinn um Fhoghlaim a Fhorbairt agus um Sholáthar Míchumais, Coláiste na Tríonóide agus IOM 33

5.1.2 Lárionad IOM um Oideachas Reiligiúnach 33

5.1.3 IOM agus Coláiste Ollscoile Mhuire, Béal Feirste 33

5.2 Idirnáisiúnú 34

5.2.1 Teastas Oideachais Thar Theorainneacha Éamoinn Rís (EREBB) sa Cheannaireacht: I dtreo Oideachais a mbaineann Ionchuimsitheacht agus Saoirse leis 34

5.2.2 Staidéar Thar Lear – Coláiste Iona, New Rochelle , Nua-Eabhrac, SAM 34

5.2.3 Eispéireas Intéirneachta Idirnáisiúnta – Ollscoil Stenden, an Ísiltír 34

5.2.4 SUAS Educational Development in Institiúid Oideachais Marino 35

5.3 Acmhainní Ardchaighdeáin & Forbairt 35

5.3.1 Institiúid Oideachais Marino, Airgeadas 35

5.3.2 Foirgnimh agus Áiseanna an Champais 36

5.3.3 Foireann Ardchaighdeáin agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach 36

Brollach le Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe

Is cúis áthais dom Tuairisc Uachtarán Institiúid Oideachais Marino (IOM) 2017 a chur i láthair. Is pobal teagaisc, foghlama agus taighde é Institiúid Oideachais Marino atá tiomanta don ionchuimsiú agus don fheabhas a chur chun cinn san oideachas. Agus muid leath an bhealaigh tríd an tréimhse a chlúdaíonn Plean Straitéiseach IOM 2015–2020, is ábhar gairdis é an forás agus an t-éagsúlú leanúnach in IOM. Chomh maith leis an oideachas tosaigh múinteoirí ag leibhéal an bhunoideachais, tá sraith de chláir Mháistreachta i Léann an Oideachais, Dioplóma Iarchéime sa Bhreisoideachas agus dhá chlár fochéime Baitsiléara san Eolaíocht ar fáil anois.

Tá Ráiteas Misin agus na Seacht dTreoirphrionsabal mar bhonn agus taca faoin bhforás agus éagsúlú seo. Bunús na comh-iontaobhaíochta idir Cúige Eorpach Phobal na mBráithre Críostaí agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide is ea na Treoirphrionsabail sin. Ó síníodh an comhaontú comh-iontaobhaíochta i mí Iúil, 2011, tá IOM, faoi cheannaireacht dhinimiciúil an Ollamh Ní Ghadhra, ag obair i gcomhar le Coláiste na Tríonóide chun ár gcomhfhís a chur chun cinn.

Faoi threoir Chomhghrúpa Straitéise Acadúla Choláiste na Tríonóide-IOM, tá IOM ag plé agus ag forbairt tionscnamh teagaisc agus taighde nua le Scoil Oideachais Choláiste na Tríonóide, leis an Oifig um Chaidrimh Dhomhanda, le hoifig Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) agus leis an Roinn Reiligiúin, Léann Síochána agus Diagachta. Sampla amháin de sin is ea an Tionscnamh Oideachais Staire a bhfuil oideachasóirí múinteoirí in IOM, i gcomhar le staraithe ón Roinn Staire i gColáiste na Tríonóide agus ionadaithe Iontaobhas Ghlas Naíon, ar thús cadhnaíochta ann. Ar phríomhthosaíochtaí reatha an chomhthionscadail tá cúrsa samhraidh san fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí bunscoile i mí Iúil, 2017.

An tUasal. Pat Kenny
Cathaoirleach, Bord Rialaithe IOM

Seoladh Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide le déanaí, rud a thacaíonn le cuspóir IOM go leathnófar teorainneacha geografacha ghníomhaíochtaí na hinstitiúide agus próifíl idirnáisiúnta ár mac léinn. Cuireadh an tionscnamh nua iontach seo ar fáil in IOM sa bhliain acadúil 2016/17 agus mheall sé cúig mhac léinn is fiche ó thíortha thar lear. Ar na deiseanna comhpháirtíochta a cuireadh i bhfeidhm i gcomhar le gréasán Oideachais Edmund Rice Thar Theorainneacha (nó EREBB mar is fearr aithne air sa Bhéarla) bhí Teastas EREBB saincheaptha ar líne sa Cheannaireacht a cheapadh, rud a sheolfar san Fhómhar, 2017.

Is mór an t-ábhar gairdis é go bhfuil an institiúid ag feidhmiú go brabúsach i gcónaí, cé gur iontaobhas carthanais príobháideach é, rud a chinntíonn acmhainní do bhreis foráis agus forbartha amach anseo.

Ó ghlac mé le ról an Chathaoirligh i Meán Fómhair 2012, tá sé de phribhléid agam a bheith ag obair leis an mBord Rialaithe atá an-chumasach, díograiseach agus a bhíonn an-fhlaithiúil ag tabhairt a gcuid ama do IOM. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine acu.

Mar fhocal scoir, ar son an Bhoird Rialaithe, cuirim fáilte roimh an Tuairisc seo agus tréaslaím leis an Ollamh Áine Ní Ghadhra agus le gach ball de phobal na hInstitiúide as an méid a chuir siad le rath IOM. Is féidir linn a thuar le muinín go leanfaidh IOM ina ionad sármhaitheasa a bhfuil luachanna Edmund Rice Beannaithe agus, go háirithe, an fhís a bhí aige d'oideachas ionchuimsitheach a bhfuil saoirse ag baint leis, mar bhonn taca faoi.

Tosaíochtaí Straitéiseacha

Faoi threoir Ghrúpa Choláiste na Tríonóide-IOM um Chomhstraitéis Acadúil, agus ag cur leis an gcomhiontaobhas idir Coláiste na Tríonóide agus Cúige Eorpach na mBráithre Críostaí, tá IOM ag plé letionscnaimh teagaisc agus taighde nua a iniúchadh agus a fhorbairt le Coláiste na Tríonóide a mbeidh na ceithre phríomhréimse tosaíochta mar bhonn fúthu: Teagasc & Foghlaim; Ionchuimsiú & Comhionannas; Saol na Mac Léinn, agus Comhoibriú, Teagmháil & Seirbhís Ardchaighdeáin.



Réamhrá le hUachtarán Institiúid Oideachais Marino

Is coláiste cleamhnaithe de Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, é Institiúid Oideachais Marino (IOM) ó 1976. Is pobal teagaisc, foghlama agus taighde é Institiúid Oideachais Marino atá tiomanta don ionchuimsiú agus don fheabhas a chur chun cinn san oideachas. Le deich mbliana anuas, tá athshamhlú déanta ar mhisean agus scóip acadúil ghníomhaíochtaí Institiúid Oideachais Marino chun tuiscint níos doimhne a áireamh ar oideachas sa seomra ranga agus taobh amuigh de sin agus chun leanúntas oideachais múinteoirí agus oideachas sainchleachtóirí oideachais a áireamh ag leibhéal na luathbhlianta, an bhunoideachais agus an bhreisoideachais. Ag croílár obair IOM, tá Léann an Oideachais a chlúdaíonn suíomhanna oideachais neamhthraidisiúnta agus an timpeallacht oideachais i gcoitinne.

An tOll. Áine Ní Ghadhra
Uachtarán, IOM

Chuir comhaontú foirmiúil i 2011 IOM faoi chomh-iontaobhaíocht Chúige Eorpach Phobal na mBráithre Críostaí agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide. I ndiaidh an chomhaontaithe seo agus i gcomhthéacs na *Straitéise Náisiúnta maidir le hArdoideachas go 2030 agus Thuairisc an Phainéil Athbhreithnithe Idirnáisiúnta maidir le Struchtúr Soláthair Oiliúna Tosaigh Múinteoirí in Éirinn (2012)* gheall na hiontaobhaithe agus Bord Rialaithe IOM fís acadúil do thodhchaí na hInstitiúide. Cuireann an fhís seo leis na láidreachtaí reatha agus cothaíonn sé caidrimh nua thar réimse disciplíní agus Scoileanna laistigh de Choláiste na Tríonóide.

Tugtar achoimre ar ghníomhartha i bPlean Straitéiseach IOM 2015–2020, arna fhorbairt ag Comhghrúpa Pleanála Straitéisí Choláiste na Tríonóide-IOM, a mhéadófar an soláthar oideachais san Institiúid trí chláir acadúla oideachais ar leith agus na speisialtóireachtaí a bhaineann leis a fhorbairt.

Le linn na tréimhse 2015–2017, neartaigh IOM an comhoibriú le Scoil Oideachais Choláiste na Tríonóide nuair a ceapadh naoi mball foirne acadúla mar Chomhlaigh Taighde. Chruthaigh an Institiúid comhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta freisin nuair a d'éirigh lena hiarratais ERASMUS+ sa tréimhse sin.

I Meán Fómhair, 2016, chuir IOM fáilte roimh an gcéad ghrúpa de fiche a cúig mac léinn idirnáisiúnta ar an gcampas. Forbraíodh Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide i gcomhthéacs straitéis Caidrimh Dhomhanda Choláiste na Tríonóide agus is comhthionscnamh suntasach é idir IOM agus an Ollscoil. Tá lóistín ar an gcampas deimhnithe do na mic léinn idirnáisiúnta, tá rochtain acu ar áiseanna den chéad scoth agus deis acu páirt iomlán a ghlacadh i saol na mac léinn in IOM.

Le dhá bhliain anuas, ag teacht le Plean Straitéiseach IOM (2015–2020), tá líon na mac léinn méadaithe faoi beagnach 20 faoin gcéad ag IOM.

Mar chuid den mhéadú sin, leathnaíodh an soláthar don chlár Oideachais Luathbhlianta agus do na cláir Iarchéime agus cuireadh breis feabhais ar an gcampas chun go mbeadh sé in oiriúint don phobal mac léinn atá ag dul i méid. Molaim foireann IOM as a bhfís, a gcruthaitheacht agus a bhfreagrúlacht ag glacadh leis an síor-athrú sin.

Ar son phobal IOM, is mian liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do dhíograis Pat Kenny, Uasal. Cuireann an saineolas agus an taithí nach beag atá aige go mór lena ról mar Chathaoirleach Choiste Airgeadais IOM agus, ó Dheireadh Fómhair, 2007, lena ról mar Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe IOM freisin.

IOM-Coláiste Na Tríonóide Straitéis Chomhoibríoch

Rianaíonn Plean Straitéiseach IOM 2015-2020 - a d'fhorbair Comhghrúpa Pleanála Choláiste na Tríonóide-IOM - gníomhaíochtaí chun cur leis an soláthar oideachais san Institiúid trí chláir acadúla ar leith a fhorbairt ar oideachas agus ar speisialachais a bhaineann leis. Le linn na tréimhse 2015–2017, neartaigh IOM an comhoibriú le Scoil Oideachais Choláiste na Tríonóide nuair a ceapadh naoi mball foirne acadúla mar Chomhlaigh Taighde. Chruthaigh an Institiúid comhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta freisin nuair a d'éirigh lena hiarratais ERASMUS+ sa tréimhse sin.



CAIBIDIL 1

Múinteoireacht & Foghlaim

1.1 CLÁIR ACADÚLA IOM

1.1.1 Straitéis mar threoir d'fhorbairt na gclár acadúil

Is ionad idirnáisiúnta teagaisc agus taighde oideachais é IOM. Ag croílár IOM, tá ár dtiomantas don sármhaitheas i ndáil le smaointeoireacht agus le cleachtadh oideolaíochta a bhfuil an taighde mar bhonn eolais faoi. Toisc go bhfuil an Institiúid dírithe go hiomlán ar an oideachas, tugadh aitheantas don oideachas taobh amuigh den seomra ranga agus na cláir acadúla á bhforbairt, tríd an B. Eol. i Léann an Oideachais chomh maith le cúrsaí nua a éascaíonn le sineirgí nua ciallmhara in oideachas tosaigh múinteoirí do na hearnálacha luath-óige, bunoideachais, meánoideachais, breisoideachais agus do na hearnálacha oideachais eile. Tagann ceannairí curaclaim agus fochéimithe oideachais atá in ann taighde a chur i bhfeidhm agus iad ag cleachtadh ar bhealach fiúntach machnamhach ónár gcúrsaí Máistreachta san Oideachas Idirchultúrtha, san Oideachas Luath-Óige, i gCeannaireacht san Oideachas Críostaí, san Fhoghlaim ar Bhonn Fiosraithe agus sna hAmharc-Ealaíona. Táimid tar éis na teorainneacha a fhairsingiú freisin, i gcomhar lenár n-ollscoil chreidiúnúcháin, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha, Cliath, chun cur le próifíl idirnáisiúnta ár mac léinn.

1.1.2 Cláir fochéime

1.1.2.1 Baitsiléir san Oideachas

Ullmhaíonn an clár céime ceithre bliana seo, arna chreidiúnú ag Coláiste na Tríonóide, múinteoirí bunscoile dá ról gairmiúil agus do thuras foghlama ar feadh an tsaoil. Agus an clár á cheapadh, tugadh aird ar na critéir agus ar na treoirlínte a bhaineann le hoideachas tosaigh múinteoirí do sholáthraithe clár mar atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Ar chomhpháirteanna an chúrsa, tá bonnstaidéar, staidéar curaclaim agus oideolaíochta, staidéar gairme agus sainréimsí staidéir chomh maith le socrúchán scoile fada ilghnéitheach. Tá níos mó ná 400 mac léinn cláraithe do phríomhchlár IOM.

1.1.2.2 Baitsiléir san Eolaíocht (i Léann an Oideachais)

Is clár céime nuálach, gairm-dhírithe é an B. Eol i Léann an Oideachais a phléann leis an oideachas sa chiall is leithne. Déanann mic léinn staidéar ar oideachas d'aosaigh, d'ógánaigh agus do pháistí chomh maith leis na príomh-mhodúil agus na modúil roghnacha éagsúla thar na ceithre bliana. Gach bliain, sa bhreis ar na léachtaí, déanann mic léinn socrúchán oibre i suíomh oideachais in Éirinn, nó déanann siad ceann de na socrúcháin san Eoraip a bhfuil an líon díobh ag dul i méid. Sa cheathrú bliain, tugann mic léinn faoi bhuaic-thráchtas tionscadail agus faoi intéirneacht ocht seachtaine a mbaineann forbairt ríomhphunainne leis chun a dturas oideachais a léiriú agus chun naisc foghlama a dhéanamh ar fud an chláir. Ar na suíomhanna éagsúla oideachais ina bhfuil socrúcháin oibre/intéirneachtaí déanta ag na mic léinn go dáta, tá Seirbhís Oideachais Phríosún Mhuinseo, Cumann Múinteoirí Éireann, BNP Paribas, Ionad Bhaile Átha Cliath don Fhoghlaim Aosach, Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide chomh maith le suíomhanna traidisiúnta scoile sna hearnálacha luath-óige, bunscoile, iar-bhunscoile, breisoideachais agus sna hearnálacha tríú leibhéal. Is áit den scoth í IOM a bhfuil traidisiún fada oideachais inti chun gréasáin náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh, chun deiseanna a chruthú, chun ábhair nua a fhiosrú agus chun barr a gcumas a bhaint amach.

1.1.2.3 Baitsiléir san Eolaíocht (Oideachas Luath-Óige)

I Meán Fómhair, 2016, tháinig fiche a cúig mac léinn nua a chláraigh don chúrsa B. Eol. san Oideachas Luath-Óige go IOM. Bliain ina dhiaidh sin, glacadh le grúpa níos mó de dhaichead a trí mac léinn ar an gclár, rud a léiríonn an t-éileamh ar fhochéimithe leibhéal 8 in earnáil na Luath-Óige. Déanann na mic léinn ar an B. Eol san Oideachas Luath-Óige staidéar ar réimse mór ábhar lena n-áirítear curaclam, polasaí, teanga agus litearthacht, feasacht ar mhatamaitic, scileanna gluaiseachta, sláinte agus spioradáltacht, creataí dlí, cleachtais ionchuimsitheachta agus na healaíona. Is modúil bhíseacha iad na modúil a fhiosraítear thar na ceithre bliana den chlár B. Eol., rud a chiallaíonn gur féidir le mic léinn scrúdú domhain a dhéanamh ar gach ábhar de réir mar a théann siad in aibíocht agus de réir mar a chuireann siad an teoiric i bhfeidhm. Is gné lárnach den chlár an socrúchán allamuigh agus caitheann mic léinn sé chéad uair an chloig ar a laghad i socrúcháin luath-óige éagsúla sula mbronnfar céim orthu. Toisc nach bhfuil an clár seo ach ina thús, is é príomhthosaíocht IOM ná dea-chaidrimh thacúla a chruthú leis na suíomhanna óstacha.

1.1.3 Cláir iarchéime

1.1.3.1 Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas)

Ceapadh an Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas) chun réimse eolais agus scileanna a thabhairt do mhic léinn maidir leis an ngairm mhúinteoireachta i suíomhanna Breisoideachais. Sásaíonn an cúrsa na riachtanais ghairmiúla a bhaineann le cúrsaí clárúcháin, mar atá leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta de réir Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta 2011. Tá dhá rogha cúrsa ann – clár bliana nó clár dhá bhliain a bhfuil 60 creidmheas mar chuid den chóras Eorpach Aistrithe Creidiúna (nó ECTS mar is fearr aithne air sa Bhéarla) ag baint leis an dá cheann acu. Ar ábhair an churaclaim, tá Bonnstaidéar, Staidéar Gairmiúil agus Clár Múinteoireachta Praiticiúil. Tá dhá shocrúchán éagsúla a bhaineann le breathnóireacht agus le cleachtadh múinteoireachta araon ar an gclár múinteoireachta praiticiúil. Baintear úsáid as foghlaim chumaisc agus an cúrsa seo á theagasc agus tarlaíonn an teagasc aghaidh ar aghaidh ar champas IOM san oíche ar an Aoine agus ar an Satharn. Is é seo an ceathrú bliain den chúrsa agus táthar ag súil le go rachaidh líon na mac léinn i méid go dtí go bhfuil cúig mhac léinn is daichead san iomlán ar an dá chúrsa.

1.1.3.2 Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunscoil)

Is cúrsa lánaimseartha dhá bhliain é an Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunscoil) a shásaíonn riachtanais na Comhairle Múinteoireachta. Ullmhaíonn an cúrsa seo céimithe le dul i mbun múinteoireachta bunscoile. Cuireann an clár béim ar na príomhchleachtais mhúinteoireachta a shealbhú agus bítear ag súil go bhforbróidh na mic léinn réimse leathan scileanna praiticiúla múinteoireachta fad is atá siad in IOM agus nuair atá siad ar shocrúchán scoile. Tá gné shuntasach acadúil ag baint leis an gcúrsa chomh maith. Bíonn ar na mic léinn cumas taighde oideachais a fhorbairt agus tráchtas ar réimse taighde ábhartha dá rogha féin a dhéanamh.

1.1.3.3 Máistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Idirchultúrtha)

Is cúrsa dhá bhliain páirtaimseartha é an Mháistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Idirchultúrtha) atá ar fáil in IOM ó 2012. Is deis forbartha gairme fianaise-bhunaithe é d'oideachasóirí chun ilchineálacht chultúrtha agus eitneach a phlé ar bhealach dearfach. Is féidir le múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, oideachasóirí Luath-Óige, múinteoirí breisoideachais agus oideachasóirí san earnáil neamhfhoirmiúil an Mháistreacht a dhéanamh. Tá sé ábhartha do gach aon oideachasóir, is cuma má oibríonn siad i suíomhanna il eitneacha nó i suíomhanna atá

aonchineálach ó thaobh eitneachta de. Bíonn na léachtaí ar siúl in IOM, de ghnáth, chomh maith le hábhar ar líne. Ar na modúil sa chéad bhliain den chlár, tá scoileanna agus ilchineálacht; Béarla a mhúineadh mar theanga bhreise; ilchineálacht reiligiúnach agus oideachas idirchultúrtha; agus oideachas faoi chearta an duine. Sa dara bliain, déanann na mic léinn modúl ar mhodhanna taighde agus déanann siad tráchtas ar an ábhar taighde atá roghnaithe acu.

1.1.3.4 Máistreacht Ghairmiúil i Léann an Oideachais (Oideachas Luath-Óige)

Is eispéireas foghlama ar leith é an Mháistreacht Ghairmiúil i Léann an Oideachais (Oideachas Luath-Óige) atá bunaithe ar thuiscint dhomhain theoiriciúil agus feasacht chriticiúil a fhorbairt ar na saincheisteanna a bhaineann leis an oideachas luath-óige. Tá an Mháistreacht san Oideachas Luath-Óige ceaptha le haghaidh cleachtóirí luath-óige, le haghaidh múinteoirí bunscoile agus le haghaidh daoine a oibríonn le páistí óga sa réimse abhcóideachta. Is é bunphrionsabal an chúrsa ná an tábhacht a bhaineann le timpeallacht ghníomhach don fhoghlaim trí mheán an tsúgartha. Ar phríomh-mhodúil an chúrsa tá Polasaí agus Cleachtadh san Oideachas Luath-Óige, Síceolaíocht Oideachais Luath-Óige, Teanga agus Litearthacht san Oideachas Luath-Óige agus Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe. Éascaítear le rannpháirtithe ar an gcúrsa a n-eolas, a scileanna agus a ndearcadh maidir le hOideachas Luath-Óige a léirmheas, cabhraítear leo cur leis an saineolas atá ann maidir lena gcleachtas gairmiúil, agus cuirtear ar a gcumas tionscadail taighde a thionscain.

1.1.3.5 Máistreacht i Léann an Oideachais (Ceannaireacht san Oideachas Críostaí)

Tá an Mháistreacht i Léann an Oideachais (Ceannaireacht san Oideachas Críostaí), arna creidiúnú ag Coláiste na Tríonóide, ceaptha mar chúrsa iarchéime a chuirfidh leis an gcumas ceannaireachta san earnáil bhunoideachais agus dara-leibhéal a fhorbairt. Tá sé oscailte do phríomhoidí, do leas-phríomhoidí agus do mhúinteoirí ar mhaith leo róil cheannaireachta agus bhainistíochta a bhaint amach. Tá sé oiriúnach freisin dóibh siúd a oibríonn chun tacú le hoideachas ar bhonn creidimh. Ar shainmhodúil an chúrsa seo tá na réimsí: Ceannaireacht agus Diagacht; Ceannaireacht san Oideachas; agus Ceannaireacht ar Scoil Chríostaí. Tháinig an Mháistreacht i Léann an Oideachais (Ceannaireacht san Oideachas Críostaí) as comhar agus comhoibriú mór leis an Roinn Diagachta agus Léann Reiligiúnach i gColáiste Mhuire gan Smál agus tá sé ceaptha chun a bheith ag teacht leis an Máistreacht sna hEalaíona (Ceannaireacht Chríostaí san Oideachas), Ollscoil Luimnigh.

1.1.3.6 Máistreacht i Léann an Oideachais (Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe)

Baineann an cúrsa seo leis an spéis fhorleathan atá ag dul i méid san fhoghlaim ar bhonn fiosraithe ag gach leibhéal oideachais, ó oideachas luath-óige go hardoideachas. Cé go bhfuil an spéis sa réimse seo ag dul i méid, níl mórán deiseanna in Éirinn do mhic léinn céim Mháistreachta a bhaint amach ina bhfuil formhór na gcreidmheas á mbronnadh le haghaidh staidéir agus taighde ar fhoghlaim ar bhonn fiosraithe. Is é aidhm an chúrsa seo ná idirghníomhaíocht shoiléir idir teoiric agus cleachtadh a chur ar fáil agus is é príomhghné de ná pobal fiosrúcháin a chruthú idir na rannpháirtithe le béim ar chomhthéacsanna - ar líne agus aghaidh ar aghaidh araon. Tugann mic léinn faoi phíosa mór taighde acadúil ar ábhar a bhaineann le foghlaim ar bhonn fiosraithe.

1.1.3.7 Máistreacht i Léann an Oideachais (Amharc-Ealaíona)

Tá Máistreacht i Léann an Oideachais (Amharc-Ealaíona) á cur ar fáil ag an Roinn Ealaíon agus Oideachais Reiligiúnaigh. Téann an clár seo leis an oideachas iarchéime sna healaíona i gCeol agus Dráma atá á chur ar fáil ag Coláiste na Tríonóide faoi láthair. Tá aidhmeanna agus dearbhuithe cosúla ag baint le struchtúr chlár IOM sa chaoi is go dtuigtear gurb ionann na hamharc-ealaíona agus foirm ealaíne iontu féin chomh le modheolaíocht éifeachtúil mhúinteoireachta agus foghlama a bhfuil sé léirithe ina leith go n-éiríonn léi i suíomhanna oideachais foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Ceapadh an clár seo d'oideachasóirí a bhfuil spéis ar leith acu sna hamharc-ealaíona, sna healaíona comhtháite agus i gcleachtais chomhtháthaithe ealaíon. Tarraingíonn an cúrsa daoine ó shuíomhanna oideachais luath-óige, bunoideachais, iar-bhunoideachais, breisoideachais agus ardoideachais a bhfuil spéis acu i samhlaíocht, idéú agus nuáil i gcleachtais mhúinteoireachta amharc-ealaíon a fhorbairt. Díríonn gach ceann de na trí shainmhodúl amharc-ealaíon ar shnáithe meán agus ar na riachtanais a aithnítear gur gá leo chun scoth na múinteoireachta amharc-ealaíon a bhaint amach.

1.2 CURACLAM & OIDEOLAÍOCHT – BEALACH MARINO

Sa mhír seo a leanas, léirítear príomhghnéithe an churaclaim agus na gcur chuige oideolaíochta i gcúrsaí na hInstitiúide. Ar na gnéithe seo, tá comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí agus le suíomhanna oideachais, tábhacht na Gaeilge agus an chultúir, cruthaitheacht agus nuáil, agus cleachtadh a bhfuil taighde agus machnamh mar bhonn faoi.

1.2.1 Comhpháirtíocht le Scoileanna, le Suíomhanna Luath-Óige agus le hEagraíochtaí Ceangail san Earnáil Oideachais i gcoitinne

Tá taighde suntasach ann a léiríonn gur cheart an socrúchán a fhorbairt i gcomhar le soláthraithe chun go mbeidh an deis foghlama is fearr agus is féidir ag mic léinn. Forbraíonn Clár Comhpháirtíochta Scoileanna IOM na dlúth-chaidrimh atá againn le scoileanna trí struchtúr a chur ar fáil trínar féidir linn tacú leis an obair leanúnach a dhéanann scoileanna agus múinteoirí ranga lenár mic léinn. Is deis é chun plé a dhéanamh ar athruithe ar an ngné socrúcháin scoile de na cúrsaí oideachais tosaigh múinteoirí a chuireann IOM ar fáil agus chun cur chuige nua, nuálach i leith an tsocrúcháin scoile a fhorbairt.

Tá gréasán de nasc-eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta san earnáil oideachais á thógáil ag an gclár bunchéime i Léann an Oideachais. Bíonn na heagraíochtaí seo ina n-óstaigh do mhic léinn ar shocrúcháin agus is iontu a dhéanann na mic léinn taighde le haghaidh a mbuaic-thionscadail sa bhliain deiridh. Tugann baill foirne ón ngréasán eagraíochtaí seo cur i láthair do na mic léinn mar aíonna, bíonn siad mar mheantóirí acu ar shocrúchán scoile agus mar stiúrthóirí tráchtais acu.

Is tionscnamh píolótach é an uirlis mheastóireachta ar líne do sholáthraithe óstacha a éascaíonn le cumarsáid agus le comhoibriú idir IOM agus a gréasán de sholáthraithe oideachais luath-óige. Spreagann an

tionscnamh seo tuairimí agus léargais maidir le foghlaim na mac léinn atá ar shocrúchán a chabhróidh le forbairt a dhéanamh ar na prótacail a bhaineann le socrúcháin allamuigh.

Ar mhaithe leis an gcomhpháirtíocht, tugtar cuireadh do mhúinteoirí, do chleachtóirí luath-óige agus d'oideachasóirí teagmhais foghlama a roinnt agus cuirtear tacaíocht dhírithe ar fáil dóibh in IOM d'fhonn an t-eispéireas socrúcháin a fheabhsú do sholáthraithe agus do mhic léinn. Táimid ag súil le forbairt leanúnach an chuir chuige comhpháirtíochta seo i leith socrúchán, taithí oibre agus intéirneachta agus creidimid go gcuirfidh an comhoibriú seo go mór le heispéireas na soláthraithe agus na mac léinn.

1.2.2 Teicneolaíocht Dhigiteach don Oideachas: I dTreo Cur Chuige Chruthaithigh

Tá teicneolaíocht oideachais á forbairt de shíor. Baineann ár mic léinn úsáid as réimse mór teicneolaíochtaí idirghníomhacha agus aipeanna móibíleacha a thacaíonn le múinteoireacht agus foghlaim i suíomhanna éagsúla. Pléann an fhoireann acadúil le teicneolaíocht oideachais ar bhealach praiticiúil sna léachtaí, rud atá ag teacht le cur chuige na cruthaitheachta, na nuálaíochta agus an tógachais atá i gcroílár chur chuige IOM.

1.2.2.1 Ról lárnach na hOideolaíochta

Leagtar béim ar an ról lárnach atá ag an oideolaíocht ó thús gach cúrsa san institiúid. Moltar do mhic léinn smaoineamh a dhéanamh ar an gcomhthéacs foghlama, ar na cuspóirí/torthaí foghlama agus ar na modheolaíochtaí féideartha sula ndéanann siad machnamh ar na teicneolaíochtaí a áireoidh siad i gceacht. Is cuma cén t-ábhar, cabhraíonn sé seo le mic léinn réimse acmhainní múinteoireachta agus foghlama a chumasc – acmhainní digiteacha nó neamhdhigiteacha – ar bhealaí spéisiúla. Mar shampla, is féidir cur ar chumas páistí agallaimh a dhéanamh agus podchraoladh den chineál tuairisce nuachta a chruthú; imeachtaí a thaifeadadh le léaráidí nó le híomhánna agus scannán/beochan a chruthú; agus a n-eispéireas a roinnt le dream níos mó i bpostáil ar bhlag. Mar thoradh air sin, beidh deis ag na mic léinn teicneolaíochtaí a aithint a thacóidh le cur chuige Foghlama ar Bhonn Fiosraithe, litearthachtaí digiteacha a fhorbairt do sheomraí ranga sa 21ú céad chomh maith le léargais a thabhairt ar ríomhnascadh a úsáid d'obair chomhthionscadail thras-Eorpacha.

1.2.2.2 Códú i gComhthéacs

Sna modúil Teicneolaíochta Cruthaithí ar na cúrsaí fochéime agus Breisoideachais, foghlaimíonn mic léinn in IOM faoin tábhacht a bhaineann le 'códú' i suíomhanna oideachais. Is saincheist thráthúil é códú san oideachas, anseo in Éirinn agus go hidirnáisiúnta freisin, agus dar le Tuairisc a foilsíodh le déanaí ar Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (nó STEM mar is fearr aithne air sa Bhéarla) in Éirinn (2016), is féidir le páistí coincheapa STEM a fhoghlaim agus a chur i bhfeidhm ó bhogearraí códaithe. Tá lán cineálacha bogearraí ar fáil chun bunphrionsabail an chódaithe a mhúineadh do pháistí. Tugtar buneolas ar Scratch do mhic léinn in IOM, bogearra atá ar fáil go saor agus á úsáid go forleathan i scoileanna. Mar shampla, d'fhéadfadh siad tosú le hábhar/téama agus ansin fiosrú a dhéanamh ar na bealaí inar féidir le páistí Scratch a úsáid chun scéal a bheochan, dúshlán a chruthú, nó fadhb a réiteach. Gach bliain, mar thacaíocht do Sheachtain Chódaithe an AE, glacann ár mic léinn páirt i gceardlanna agus roinneann

siad a ngníomhaíochtaí ar líne. Cuirfimid le foghlaim na mac léinn i mbliana, trí chineálacha eile d'eispéiris chódaithe don oideachas a thaispeáint dóibh mar BeeBots agus K'Nex STEM Explorations.

1.2.3 Cleachtas na Múinteoireachta

Bíonn foireann IOM bródúil as modheolaíochtaí nuálacha a thabhairt isteach agus iad ag tógáil ar thraidisiún agus ar thaighde. Cuirtear acmhainní ar fáil don teagasc agus don mheasúnú taighde-bhunaithe ar gach cúrsa chun an cur chuige seo a éascú. Is léiriú ar an tiomantas iad na ranganna beaga agus na spáis atá tiomnaithe do réimsí mar oideachas luath-óige agus na healaíona. Ar na samplaí den chur chuige seo, tá na modúil darbh ainm Múinteoireacht agus Foghlaim agus na measúnachtaí ríomhphunainne a thacaíonn le mic léinn seasamh machnamhach a fhorbairt mar oideachasóirí.

Tá formáid nuálach, a bhfuil taighde mar bhonn eolas fúithi, forbartha ag Marino chun cabhrú le mic léinn na cleachtais mhúinteoireachta a shealbhú. Tugann na modúil Múinteoireacht agus Foghlaim ar an mBaitsiléir san Oideachas agus ar an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas buneolas do mhic léinn ar na príomhchleachtais mhúinteoireachta is féidir a chur i bhfeidhm thar a lán ábhar agus ag gach leibhéal ranga bunscoile. Ar na cleachtais sin, tá plé an ranga uile a threorú, ábhar a thabhairt isteach nó a dhaingniú trí scéalta a insint, agus cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus le caomhnóirí faoi mhúinteoireacht.

Ar dtús, déanann mic léinn breathnóireacht ar mhúinteoir oilte ag léiriú an chleachtais ar dtús, beo nó ar fhíseán. Déanann na mic léinn agus na léachtóirí an méid a rinneadh agus na nithe nach ndearna an múinteoir agus na cúiseanna leis sin a bhriseadh síos le chéile. Ansin, agus teagascóirí oilte agus a gcomhpháirtithe ag breathnú orthu, déanann na mic léinn ceacht beag a chleachtadh a chuimsíonn an cleachtas sin. Agus, sa deireadh, cuireann na mic léinn cleachtais chosúla i bhfeidhm i seomra ranga scoile áitiúla le tacaíocht óna gcomhpháirtithe agus teagascóirí an chúrsa. Tacaíonn an cur chuige seo le foghlaim na n-ábhar oidí de réir mar a thosaíonn siad ag glacadh le freagracht as páistí óga a mhúineadh agus sula ndéanfaidh siad an socrúchán scoile.

Ag glacadh leis an domhan digiteach, cruthaíonn mic léinn B. Oid., MGO agus B. Eol. ríomhphunanna chun cur lena bhfoghlaim agus lena machnamh. Baintear úsáid as cur chuige ilmheán sna ríomhphunanna uile agus moltar do mhic léinn scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe pearsanta, machnamhacha, gairmiúla agus acadúla dá gcosáin agus iad ag teacht chun bheith ina n-oideachasóirí spreagúla.

1.2.4 Comhtháthú, Samhlaíocht & Nuálaíocht

Cheap léachtóirí sainmhodúil a fhiosraíonn agus a léiríonn samhlaíocht, comhtháthú agus nuálaíocht i gcomhthéacsanna éagsúla oideachais nuair a bhí siad ag déanamh na bunsmaointeoireachta cruthaithí chun na cláir fochéime a athcheapadh. Foghlaimíonn na mic léinn ar an gcéim Bhaitsiléara san Oideachas faoi thurais foghlama idirnasctha a chuimsíonn guth an pháiste, comhtháthú gan choinne agus léiriú tuisceana (nó performances of understanding mar is fearr aithne air sin sa Bhéarla) chun foghlaim páistí a mheasúnú. Déanann siad spáis agus áiteanna foghlama a athbhreithniú a éascaíonn le sruthú agus seomra ranga cruthaitheacha a dhearadh bunaithe ar theoiricí oideachais cruthaitheachta. Mar chuid de thionscadal póstaeir taighde, tugann mic léinn faoi anailís ar dhoiciméid a bhaineann le réimse éigin den churaclam chun athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar cé chomh maith is a chothaítear cineálacha áirithe smaointeoireachta samhlaíche san ábhar sin.

Is modúil bhíseacha iad modúil na céime Luath-Óige, rud a thugann deis do na mic léinn foghlaim nua a chomhtháthú le heolas seanbhunaithe de réir mar a dhéanann siad na ceithre bliana staidéir. Tá na modúil ceaptha chun tuiscint na mac léinn ar oideolaíocht éifeachtach sa luath-óige a mhéadú thar an status quo, mar shampla na modúil a bhaineann le spraoi agus meon, le cruthaitheacht agus na hamharc-ealaíona, le tuiscint ar óige i gcomhthéacs agus le foghlaim ar bhonn fiosraithe.

Moltar do na mic léinn ar an gclár i Léann an Oideachais a bheith nuálach agus iad ag roghnú suíomh an tsocrúcháin oibre chun go mbeidh eispéireas oideachasúil spreagúil spéisiúil acu a bhfuil baint aige lena dturas foghlama ar an gclár. Gach bliain, déanann na mic léinn a scileanna pearsanta nuálaíochta agus cruthaitheachta a léiriú, a fhorbairt agus a bheachtú ina bpunann ilmheán.

1.2.5 Ár dTraidisiún Gaelach Cultúrtha agus Teanga a Chothú, agus Páirt a Ghlacadh sa Phobal Domhanda

Tá ilteangachas agus ilchultúrthacht mar chuid de champas Marino na laethanta seo mar thoradh go háirithe ar an mBonnchlár Idirnáisiúnta. Tá áit chompordach mhuiníneach ag an nGaeilge agus ag an gcultúr Gaelach sa timpeallacht shaibhir seo agus an Ghaeilge ina teanga bheo san Institiúid, Cumann Gaelach láidir ann, foireann a bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na teanga ann agus comharthaí dátheangacha ar an gcampas. Tá an Ghaeilge mar ábhar fite fuaite sna cúrsaí – sa B. Oid., sa MGO, sa B. Eol. (Léann an Oideachais agus Luath-Óige). Is *é Bealach Marino* sna cúrsaí sin ná go gcabhraítear leis na mic léinn feidhmiú go héifeachtach agus go cumarsáideach sa suíomh gairmiúil ina mbeidh siad ag obair, an scoil nó in áit éigin eile. Bíonn deiseanna ag na mic léinn a gcumas labhartha a fhorbairt i ranganna teagaisc ina mbíonn líon an-bheag de mhic léinn. Caitheann na mic léinn dhá Thréimhse Foghlama sa Ghaeltacht. Is deis iad na Scoláireachtaí chun Socrúchán Scoile a dhéanamh sa Ghaeltacht do mhic léinn múineadh trí mheán na Gaeilge i dtimpeallacht Ghaeltachta. Tapaítear an deis obair i gcomhar le Gaeloideachas a bhfuil oifigí aige ar an gcampas agus is i Seomra na Gaeilge atá Stóras Leabhar COGG, bailiúchán tábhachtach atá ar fáil do na léachtóirí, do na mic léinn agus do ghrúpaí seachtracha chomh maith.

1.2.6 Oideachasóirí a spreagadh trí Thaighde agus Machnamh

Tá taighde fochéime in IOM faoi bhláth agus mic léinn ón mBaitsiléir Eolaíochta i Léann an Oideachais agus ón mBaitsiléir san Oideachas araon ag tabhairt faoi thráchtais taighde ina mbliain deiridh. Déanann mic léinn modúl ar mhodhanna taighde agus tugann siad faoi bhuaic-thionscadal tráchtais ina mbliain deiridh ag baint úsáide as modhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla faoi mhaoirseacht stiúrthóirí aonair.

Agus an cúrsa B. Oid. athcheaptha, tugann mic léinn sa cheathrú bliain faoi thráchtas taighde mór. Baineann siad úsáid as modheolaíocht taighde dhoiciméadaigh agus déanann siad an obair i ngrúpaí de sheisear faoi mhaoirseacht. Is í aidhm an tráchtais ná eolas na mac léinn ar shainréimse oideachais a neartú agus, trí thaighde a dhéanamh, a gcumas mar mhúinteoir machnamhach criticiúil a fhorbairt. Bíonn rogha de réimsí taighde ag na mic léinn lena n-áirítear Oideachas Luath-Óige, Litearthacht, Gaeilge, Oideachas Ionchuimsitheach, Matamaitic agus Síceolaíocht. Tá IOM ag cruthú stóir d'obair thaighde na mac léinn chomh maith le bunachar sonraí de gach teideal taighde agus cuirtear cóipeanna d'obair eiseamláire ar fáil sa leabharlann agus ar an ardán inmheánach Moodle.

CAIBIDIL 2

Taighde

2.1 AN STRAITÉIS TAIGHDE

Tá fócas taighde IOM ag teacht leis an misean atá aici go gcuirfear ionchuimsitheacht agus sármhaitheas san oideachas chun cinn. Cuireann taighde bonn eolais faoin gcleachtadh i ngach clár agus tionscnamh d'fhoireann IOM. I dTuairisc an Údaráis Ardoideachais (HEA) dar teideal *Report on of the International Panel on the Structure of Initial Teacher Education Providers in Ireland (*Tuairisc Sahlberg), aithnítear gur dúshlán agus deis araon do sholáthraithe oideachais tosaigh múinteoirí is ea an tábhacht a bhaineann le tairseach chriticiúil a chruthú don taighde agus dá cur i bhfeidhm mar bhunús don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim. Mar fhreagairt air seo, rinne IOM athbhreithniú ar a straitéis taighde agus ar an mbealach a bhfaigheann sí maoiniú taighde go háirithe. Tá sé léirithe ag IOM arís agus arís eile go n-éiríonn léi maoiniú taighde náisiúnta agus tras-teorann a fháil trí ghairmeacha taighde HEA agus SCoTens. Thaispeáin an t-athbhreithniú ar an straitéis taighde gur gá do IOM comhoibriú agus níos mó comhpháirtíochta a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa. Maidir le gairmeacha maoinithe taighde AE a bhaineann le hoideachas, is iad na príomhfhoinsí ná an clár Erasmus+ agus gairmeacha áirithe Horizon 2020. Chun cabhrú le foireann IOM gairm agus cuibhreannas oiriúnach a aithint do na cláir AE-mhaoinithe seo, cuireadh roinnt ceardlann oiliúna ar fáil a bhain leis na tírdhreacha maoinithe le haghaidh taighde san oideachas scoile. Bhí baint ag IOM i 2016 le roinnt tograí deontais a cuireadh faoi bhráid Erasmus+ agus Horizon 2020, agus d'éirigh léi dhá thogra Erasmus+ a bhaint amach. Is é IOM comhordaitheoir an tionscadail 'Múinteoirí a Chumasú ó thaobh na Cuimsitheachta sa lá atá inniu ann agus don lá amárach', tionscadal 30 mí i gcomhar le comhpháirtithe ón bhFionlainn, ón gCipir, ón mBeilg, agus ó Laitvia. Is comhpháirtí í IOM freisin sa tionscadal 'An Próiseas Ríomhphunainne a Chumasú' i gcomhar le comhpháirtithe ón bhFionlainn, ón mBeilg, ón Danmhairg agus ón bPortaingéil.

2.2 ERASMUS+

2.2.1 Múinteoirí a Chumasú ó thaobh na Cuimsitheachta sa lá atá inniu ann agus don lá amárach

Is comhpháirtíocht straitéiseach arna maoiniú faoi Chlár Oideachais Erasmus+ KA2 an Aontais Eorpaigh é EiTTT (Múinteoirí a Chumasú ó thaobh na Cuimsitheachta sa lá atá inniu ann agus don lá amárach). Tá Institiúid Oideachais Marino (IOM) i gceannas ar an tionscadal 30 mí seo ar cuireadh tús leis i nDeireadh Fómhair, 2016. Beidh IOM ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta sa Bheilg (Coláiste Ollscoile Leuven-Limburg & Coláiste Ollscoile Karel de Grote), sa Chipir (Dimotiko Sxoleio Anthoupolis KA), i Laitvia (Rigas 45. vidusskola) agus san Fhionlainn (Lukkarin koulu). Tá an tiomantas céanna ag na comhpháirtithe tionscadail, ar ionadaithe iad do thrí institiúid oideachais múinteoirí agus do thrí scoil, don oideachas ionchuimsitheach agus tá comhthuiscint acu ar na tosaíochtaí is gá dul i ngleic leo chun a chinntiú go mbeidh an ionchuimsitheacht fite fuaite i gcleachtas scoileanna.

2.2.2 EEP – An Próiseas Ríomhphunainne a Chumasú

I Meán Fómhair, 2016, chuir IOM tús le tionscadal dhá bhliain Erasmus+ le comhpháirtithe in HAMK san Fhionlainn, VIA sa Danmhairg, IPS sa Phortaingéil agus KU Leuven–Limburg sa Bheilg. Is é teideal an tionscadail ná 'An Próiseas Ríomhphunainne a Chumasú' nó EEP mar is fearr aithne air sa Bhéarla. Is é aidhm EEP ná cleachtais mheasúnachta agus treoraithe a spreagadh san ardoideachas cumas-bhunaithe trí úsáid an phróisis dhinimiciúil Ríomhphunainne, bunaithe ar an dea-chleachtas a roinnt, chun rannpháirtíocht na mac léinn a mhéadú. Is é an aidhm ná spéis agus rannpháirtíocht na mac léinn a mhéadú trí dhíriú ar éachtaí pearsanta, ar bhealaí cruthaitheacha chun cumais a thaispeáint sa domhan digiteach, ar mheasúnacht forbartha a bhfuil foghlaim agus úsáid critéar cumas-bhunaithe nasctha leis. Tá sé d'aidhm ag EEP freisin léiriú ciallmhar sothuigthe a thabhairt do mhic léinn maidir le castacht, tábhacht agus scóip na múinteoireachta agus na foghlama i ngairm a bhaineann leis an oideachas. Chomh maith leis sin, aithníonn EEP go bhféadfadh sé go mbeadh éagumas digiteach ina bhac ar chur i gcrích na Ríomhphunann agus, mar sin, is gníomhaíochtaí forbartha iad na gníomhaíochtaí píolótacha atá á ndéanamh ag IOM mar chuid den tionscadal seo.

2.3 TAIGHDE MAOINITHE NÁISIÚNTA AGUS TRASTEORANN

2.3.1 Roghanna agus Nósanna Léitheoireachta Daoine Óga

Bhronn an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) maoiniú ar an Dr Claire M. Dunne (Rannóg na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino) agus ar an Dr Tina Hickey (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) i 2015 chun roghanna agus nósanna léitheoireachta Gaeilge daoine óga a fhiosrú. Is forbairt é an taighde seo ar staidéir eile ar chuir múinteoirí, foilsitheoirí, agus údair leo ach tá an taighde seo bunaithe ar ghuthanna páistí. Bhailigh na taighdeoirí tuairimí páistí ó rang a trí agus rang a cúig i nGaelscoil lasmuigh den Ghaeltacht maidir lena meon ginearálta i leith na Gaeilge agus i leith an chultúir Ghaelaigh, agus i leith na seánraí litríochta a bhfuil spéis acu iontu chomh maith lena dtaithí ar na seánraí sin go dáta. Cheap na taighdeoirí club léitheoireachta 10 seachtaine a thug deis do na páistí seánra litríochta nua a léamh gach seachtain, lena n-áirítear greannáin, liricí ceoil agus leabhair neamh-fhicsin.

2.3.2 Tuairisc ar Chomhairliúchán le Páistí agus le Daoine Óga ar Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe, Deireadh Fómhair 2016

Bhronn an Roinn Oideachais agus Scileanna an comhairliúchán seo ar an Dr Deirdre McGillicuddy (IOM) agus rinneadh éascaíocht air i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ba é príomhchuspóir an chomhairliúcháin seo, de réir mar a mholtar sa Straitéis Náisiúnta ar Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (2014–2020), ná dul i gcomhairle le daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile maidir le hOideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe chun bonn eolais a chur faoi bheartas i gcomhthéacs na hÉireann san am atá le teacht. Cur chuige cáilíochtúil a bhí ann ó thaobh na modheolaíochta de, lena n-áirítear seisiúin tobsmaointeoireachta, bearta rangaithe, cainteanna Chaifé Domhanda den chineál mataí boird (nó 'placemat discussions' mar is fearr aithne orthu sa Bhéarla) agus balla moltaí. Ghlac 72 duine, idir pháistí agus dhaoine óga (42 dalta bunscoile agus 30 dalta iar-bhunscoile) páirt in dhá sheisiún comhairliúcháin (ceann amháin le haghaidh daltaí bunscoile agus ceann eile le haghaidh daltaí iar-bhunscoile) i nDeireadh Fómhair, 2016. Mar ullmhúchán don tuairisc a chur i láthair, tiomsaíodh na sonraí a bailíodh ó na páistí agus ó na daoine óga agus rinneadh anailís orthu. Rinneadh na príomh-théamaí agus na príomhcheisteanna a tháinig chun cinn a aithint agus a aibhsiú le haghaidh na bpáirtithe leasmhara ábhartha.

2.3.3 Tuairisc ar na Cainteanna Ceardlainne ag Seóthaispeántas Chomhairle na nÓg, Samhain, 2016

Bhronn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an maoiniú seo ar an Dr Deirdre McGillicuddy. Féachann Comhairle na nÓg le fóram a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga chun saincheisteanna a bhaineann lena saol a phlé agus chun teagmháil a dhéanamh leo siúd a dhéanann cinntí sna córais shóisialta, eacnamaíochta agus pholaitíochta in Éirinn. Tá gealltanas tugtha ag an Roinn Páistí agus Gnóthaí Óige, a dhéanann maoirseacht ar Chomhairle na nÓg, *faoi Straitéis Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Páistí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht* (2015–2020) go dtabharfaidh siad faoi phlean forbartha cúig bliana don Chomhairle. Tá forbairt an phlean seo bunaithe ar ghuthanna páistí agus daoine óga chun na deiseanna agus na dúshláin a bhíonn rompu a aithint agus iad ag teagmháil le Comhairle na nÓg. Bhain na cainteanna ceardlainne a reáchtáladh ag an Seóthaispeántas Náisiúnta i Samhain 2016 leis an sainchúram sin. D'fhreastail níos mó ná ceithre chéad páiste agus duine óg ó Chomhairle na nÓg ar an 3ú himeacht Seóthaispeántais débhliantúil i bPáirc an Chrócaigh ar an 24 Samhain 2016.

2.3.4 An Ciste um Mhúinteoireacht agus um Fhoghlaim a Fheabhsú

Fuair an comhthionscadal taighde seo dar teideal 'Scileanna Digiteacha i mBun Gnímh' maoiniú ón bhfóram Náisiúnta um Mhúinteoireacht agus um Fhoghlaim a Fheabhsú faoi 'Théama an Fheabhsaithe 2016', www.teachingandlearning.ie. Rinne IOM, a ndearna Alison Egan ionadaíocht di, taighde i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (an príomh-chomhpháirtí). Bhí ceithre chéim sa tionscadal. Rinneadh acmhainní agus gníomhaíochtaí maidir le scileanna digiteacha inár n-institiúidí a bhailiú, a anailísiú agus a roinnt sa chéad chéim, 'Machnamh a Dhéanamh' agus rinneadh na scileanna seo a mhapáil sa chreat scileanna digiteacha All Aboard. Sa chéim 'Dearadh agus Forbairt', aithníodh daoine den lucht acadúil agus iarradh orthu cás-staidéir ar chleachtadh le cuidiú digiteach a bhaineann le disciplín ar leith a chruthú. B'ionann gach cás-staidéar agus pointe fócais chun acmhainní deartha teagaisc agus oideolaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a ndearnadh iad a óstáil ar ardán oscailte a bhí roinnte thar na hinstitiúidí.

In IOM, d'oibrigh Alison Egan leis an Dr Michael Flannery chun taighde a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le feidhmiúlacht timpeallachta fíorúla ilúsáideora (MUVE) i leith fiosraithe amharc-ealaíon. I gcéim 3, tugadh cuireadh do mhic léinn agus don fhoireann i ngach institiúid sa chnuasach páirt a ghlacadh i seimineáir agus i gceardlanna dírithe ar na cás-staidéir le linn Sheachtain na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (nó TEL mar is fearr aithne air sa Bhéarla) i Márta 2016. Rinneadh an comhthionscadal seo a mheas trí athbhreithniú a dhéanamh ar conas a d'éirigh leis an gcomhoibriú sa chnuasach ó thaobh leibhéal na rannpháirtíochta de ag gach céim den tionscadal agus ó thaobh an tionchair a imríodh ar fhoghlaim na foirne agus na mac léinn.

2.4 FOILSEACHÁIN LE DÉANAÍ

2.4.1. Rannóg na Gaeilge, 2015-2017

Tá an tiomantas don scoláireacht agus don taighde ag croílár obair Rannóg na Gaeilge. D'eagraigh an Rannóg Gairm na bPiarsach mar chomóradh céad bliain ar Éirí Amach 1916 – fóram a thug an deis do dhaoine taighde ar 1916 a roinnt. Tá gach píosa taighde ón bhfóram sin ar fáil anois i bhfoirm leabhráin, leabhrán a ndearna an Dr Marie Whelton agus Aodán Mac Suibhne eagarthóireacht air. Déanann an t-alt spéisiúil "Drámaíocht na Gaeilge sa Seomra Ranga Bunscoile: Modh Ealaíne nó Modheolaíocht?" leis an an Dr Claire M. Dunne a foilsíodh in Breac: A Digital Journal of Irish Studies, Lúnasa 2016, iniúchadh ar fhorbairt na drámaíochta Gaeilge san oideachas, ag féachaint ach go háirithe ar an gcreimeadh a tháinig uirthi mar mhodh ealaíne spreagúil, agus an bhéim a chuirtear uirthi anois mar mhodheolaíocht chun cumas teanga a neartú. Cuireann an t-alt i gcomparáid lena chéile an úsáid a baineadh as an drámaíocht mar áis pholaitiúil ag tús an chéid seo caite, go speisialta le linn na hAthbheochana, agus an úsáid a bhaintear as an drámaíocht i seomraí ranga an lae inniu. Clúdaíonn an t-iniúchadh san alt seo cnuasaigh drámaí comhaimseartha agus na moltaí díreacha agus

indíreacha a thugtar do mhúinteoirí. Sa bhliain 2015, foilsíodh an dara heagrán agus an closleabhar de chuid an Dr Marie Whelton *Nuair a Stadann an Ceol: Úrscéal don Fhoghlaimeoir Fásta.*

Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh An Dr Marie Whelton páipéar piarmheasúnaithe in The Irish Teachers Journal a scrúdaíonn sampláil ionadaíoch de dhánta, ó 1930-2010. Téann na dánta go léir i ngleic le téama an teagaisc agus na foghlama, agus, is dánta iad le filí Gaeilge a bhí ina múinteoirí bunscoile, nó ina múinteoirí meánscoile, ar feadh tréimhse, nó ar feadh a saoil ghairmiúil ar fad. Ina theannta sin d'fhoilsigh sí alt faoi eitic an réalachais in Bliainiris agus alt faoi dhánta Gaeilge leis mBráthair Críostaí, Liam Ó hAinle.

2.4.2 Become the Primary Teacher Everyone Wants to Have: A Guide to Career Success

Agus an leabhar seo á scríobh ag an Dr Seán Delaney, bhain sé leas as an taithí mhór atá aige ar an mbunmhúinteoireacht agus ar oideachas múinteoirí. D'fhoilsigh an foilsitheoir mór le rá sa Ríocht Aontaithe, Routledge, é agus is é seo an leabhar ar mhaith le Seán é a bheith ar fáil dó agus é ag tosú amach mar mhúinteoir. Is ionann an leabhar seo agus treoir sa bhreis do mhúinteoirí nua agus iad ag ullmhú don mhúineadh, d'iompraíocht an ranga a bhainistiú, do mhodhanna teagaisc a roghnú, d'idirdhealú a dhéanamh idir páistí, do thuiscint a mheas, do chumarsáid le tuismitheoirí, do bheith ag plé le comhghleacaithe agus do chothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach.

2.4.3 Introducing Bronfenbrenner: A Guide for Practitioners and Students in Early Years Education

D'fhoilsigh Routledge an leabhar praiticiúil seo leis an Dr Leah O'Toole i Márta, 2017. Scríobhadh é i gcomhar leis na comhúdair an tOllamh Nóirín Hayes ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an Dr Ann Marie Halpenny ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá buneolas sa leabhar seo ar shamhail Bronfenbrenner d'fhorbairt an duine. Baintear úsáid as taighde cleachtas-bhunaithe ann chun na príomhghnéithe a imríonn tionchar ar oideolaíocht an oideachais luath-óige a aithint agus a chur i láthair. Baineann samhail Bronfenbrenner le torthaí taighde reatha sa tsíceolaíocht, sa néareolaíocht agus san oideachas, agus fiosraítear í i de réir tuiscint an lae inniu ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí. Tugann an leabhar treoir don léitheoir maidir leis na príomhghnéithe a bhaineann

le cleachtadh oideachais luath-óige ardchaighdeáin. Cuireann sé nádúr dinimiciúil na samhla in iúl chomh maith leis an ról atá ag an ngairmí oideachais luath-óige ina cur i bhfeidhm.

2.4.4 Nuair a Stadann an Ceol

Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh Comhar Teoranta an dara heagrán de Nuair a Stadann an Ceol le Marie Whelton. Is úrscéal d'fhoghlaimeoirí fásta é a insíonn scéal Róisín - tar éis di í féin a chur tríd an ollscoil agus tar éis di cúpla bliain a chaitheamh ag obair, tá sí ar ais ag staidéar agus í d'aidhm aici cáilíocht sa bhunmhúinteoireacht a bhaint amach. Tá cairde nua aici agus tá go leor ceoil á sheinm aici sa Choláiste Oideachais, ach tá uirthi dul i ngleic, freisin, le deacrachtaí móra pearsanta. Is scéal é seo faoi na híobairtí a dhéanann daoine do thíolacthaí clainne, cairdis agus ceoil, ach, is scéal é, freisin, faoin slánú a thagann ó na tíolacthaí céanna. Tá staidéar déanta ar an úrscéal ag mic léinn in Institiúid Oideachais Marino agus foilsíodh sliocht as an úrscéal in Staighre do mhic léinn a bhfuil an Teastas Sóisearach ar siúl acu.

2.5 LEABHARLANN IOM

Chuir an leabharlann roinnt tionscnamh nua i bhfeidhm le cabhair ó chomhpháirtithe ar fud na hInstitiúide chun tacú leis an gcuspóir straitéiseach go méadófar na gníomhaíochtaí taighde. Cuireadh oiliúint faisnéise agus litearthachta digití ar mhic léinn fochéime agus iarchéime a bhí dírithe ar phríomhphointí dá staidéir – mic léinn sa chéad bhliain ag aistriú chuig an tríú leibhéal agus mic léinn ina mbliain deiridh ag cur tús le tráchtais taighde, mar shampla. Ag tabhairt comh-airde ar na dúshláin os comhair na foirne acadúla, d'éascaigh an leabharlann le ceardlanna praiticiúla maidir le hábhar a fhoilsiú agus taighde a bhainistiú. I gcomhar leis an Oifig um an gClár Taighde & Forbartha a Bhainistiú, tá an leabharlann ag obair ar Thaisclann Institiúide a fhorbairt don fhoireann acadúil chun a dtaighde a thaispeáint ar leathanach IOM laistigh de TARA, Taisclann Institiúide Choláiste na Tríonóide.

D'éascaigh suíomh idirlín nua Institiúid Oideachais Marino i 2016 leis an leabharlann uirlis nua aimsithe ghréasáin a thabhairt isteach. Cuireann an uirlis nua tairseach amháin chuardaigh ar fud bhailiúcháin na leabharlann ar fáil lena n-áirítear ábhar clóite, ábhar a bhfuil rochtain oscailte air agus ábhar a bhfuil rochtain síntiúis air, chomh maith le treoracha ilmheán do na hacmhainní leabharlainne atá ag dul i méid. I gcomhar leis an rannóg TF, tugadh modhanna fíordheimhnithe isteach chun go mbeidh sé níos éasca don fhoireann agus do na mic léinn chláraithe rochtain a fháil ar acmhainní ar líne ar an gcampas agus lasmuigh den champas. Chomh maith leis an dul chun cinn teicneolaíochta, oideachas for-rochtana agus uaireanta oscailte níos faide, méadaíodh acmhainní clóite na leabharlainne i gcomhréir leis an éagsúlacht atá ag dul i méid i bpobal mac léinn IOM agus i soláthar na gclár oideachais múinteoirí agus i léann an oideachais.

CAIBIDIL 3

Ionchuimsitheacht & Comhionannas

3.1 IONCHUIMSITHEACHT AGUS COMHIONANNAS

Aithnítear Ionchuimsitheacht agus Comhionannas mar cheann de na ceithre réimse tosaíochta i bPlean Straitéiseach IOM 2015–2020. Glacann IOM páirt réamhghníomhach i gcomhpháirtíochtaí pobail agus forochtana, i dtionscadail taighde fócasaithe agus i gcláir oideachais spriocdhírithe chun próifíl na mac léinn a leathnú. Is é bunphrionsabal na béime a leagaimid ar an ionchuimsitheacht agus ar an gcomhionannas ná ceannaireacht ó thaobh na smaointeoireachta a chur leis an gcomhrá náisiúnta ó thaobh iolrachais san oideachas agus tionchar a imirt ar bheartas a dhéanamh i réimse na hionchuimsitheachta agus na héagsúlachta i suíomhanna oideachais.

3.2 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ POBAIL AGUS FOROCHTANA

3.2.1 Oideachas Forbartha agus Idirchultúrtha (DICE)

Is comhthionscnamh oideachais náisiúnta é an tionscadal Oideachais Forbartha agus Ilchultúrtha (nó DICE mar is fearr aithne air sa Bhéarla) a chuireann comhtháthú oideachais forbartha agus oideachais idirchultúrtha in Oideachas Tosaigh Múinteoirí bunscoile chun cinn. Tá béim leanúnach curtha ag IOM ar a tiomantas do shaincheisteanna ceartais shóisialta agus comhionannais ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Tá obair DICE fite fuaite anois i gcleachtadh léachtóirí agus iad ag teagasc agus i bhfoghlaim na mac léinn ar chúrsaí uile Leibhéal 8 agus Leibhéal 9 san Institiúid. Oibríonn coiste de bhaill foirne agus de mhic léinn le chéile chun cuspóirí DICE a chur chun cinn agus is é príomhghné na gníomhaíochta reatha ná caidrimh le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le grúpaí abhcóideachta a fhorbairt agus a chothú. Taobh leis sin, tá pobal taighde ag fás a phléann le cleachtadh agus le gníomh a mbaineann machnamh ar phróiseas leis trí pháirt a glacadh i ngníomhaíochtaí taighde ar an leibhéal fochéime agus iarchéime araon. Is léir ón gcaoi a bpléann mic léinn le hábhar a bhfuil éifeacht dhíreach ag obair chlár DICE orthu (ar an leibhéal follasach agus ar an leibhéal comhtháthaithe), go bhfuil tionchar díreach ag tírdhreach an athraithe i gcóras oideachais na hÉireann ar an mbealach ina gcuirtear oideachas ar mhúinteoirí agus ar an mbealach ina mbreathnaíonn siad ar fhoghlaimeoirí sa seomra ranga. Féachaimid in IOM leis na múinteoirí sin a chumasú agus a ghríosú chun athrú a spreagadh, iad ag brath ar an taighde agus ag cur leis an taighde, de réir mar a phléann siad le dinimic an chórais oideachais a bhíonn ag síor-athrú.

3.2.2 Buanchomhdháil maidir le hOideachas Múinteoirí Thuaidh Theas (SCoTENS) – Béarla a mhúineadh mar Theanga Bhreise

Bhí Buanchomhdháil 2015 maidir le hOideachas Múinteoirí Thuaidh Theas (nó SCoTENS mar is fearr aithne uirthi sa Bhéarla) dírithe ar Oideachas um Cheartas Sóisialta do Mhúinteoirí. Chuir an Dr Barbara O'Toole ó IOM agus an Dr Barbara Skinner ó Ollscoil Uladh i gCúil Raithin ceardlann i láthair maidir le Béarla a mhúineadh mar theanga bhreise. Tar éis rath an tionscnaimh seo, cuireadh iarratas faoi bhráid SCoTENS ar mhaoiniú i 2016 le haghaidh seimineáir ar Bhéarla a Mhúineadh mar Theanga Bhreise (nó EAL mar is fearr aithne air sa Bhéarla) i gCúil Raithin agus i Marino i rith 2017. Le maoiniú ó SCoTENS chomh maith le maoiniú meaitseála ón dá institiúid, reáchtáladh seimineáir dar teideal *'Minority language students and the curriculum: closing the achievement gap'* in Ollscoil Ulaidh gCúil Raithin ar an 9 Feabhra, 2017 agus in Institiúid Oideachais Marino ar an 25 Aibreán, 2017. Ar na haoichainteoirí a ghlac páirt iontu, bhí Piet Van Avermaet ó Ollscoil Ghent sa Bheilg (an seimineár i mBaile Áth Cliath amháin), Andrew Hancock ó Ollscoil Dhún Éideann, Jean Conteh ó Ollscoil Leeds, agus an Dr Déirdre Kirwan, iar-phríomhoide Scoil Bhríde (Cailíní) i mBaile Bhlainséir i mBaile Átha Cliath. Mheall an dá sheimineár a lán rannpháirtithe lena n-áirítear múinteoirí ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, oideachasóirí múinteoirí, mic léinn, agus taighdeoirí. Táthar i mbun oibre ar acmhainn físeáin a chur le chéile bunaithe ar an dá imeacht agus beidh sí sin ar fáil ar shuíomhanna idirlín an dá eagraíocht agus ar shuíomh gréasáin SCoTENS.

3.2.3 Clár Rochtana Marino ar an Múinteoireacht

In Aibreán 2013, sheol Institiúid Oideachais Marino (IOM) i gcomhar le Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus le hAodhán Ó Ríordáin T.D. (ionadaí an Lucht Oibre ó Bhaile Átha Cliath Thuaidh-Lár) scéim scoláireachta chun na deiseanna do dhaltaí ó mheánscoileanna DEIS i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath dul leis an múinteoireacht bhunscoile a mhéadú. Tá baint ar leith ag an scéim seo le IOM mar is é ceann dá Treoirphrionsabail sainráite ná 'cláir oideachais a chur ar fáil a spreagann agus a chumasaíonn daoine faoi mhíbhuntáiste agus na boicht'.

Aithníonn na múinteoirí ar Chlár Rochtana Marino ar an Múinteoireacht daltaí idirbhliana a meastar go bhfuil sé de chumas acu na pointí riachtanacha a bhaint amach chun cur isteach ar chúrsa oideachais múinteoireachta agus ar dóigh go mbainfidh siad tairbhe as teagasc Gaeilge sa bhreis. Tugtar cuireadh do na daltaí sin páirt a ghlacadh sa scéim agus freastal ar ranganna Gaeilge in IOM. Dírítear ar mheon dearfach i leith na Gaeilge a chothú, ar ghníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus ar chur ina luí ar na daltaí gur féidir leo a bhfís a fhíorú. Tá torthaí maithe ar an tionscnamh go dáta. Tá roinnt mac léinn ag dul ar aghaidh go cláir oideachais tosaigh do mhúinteoirí bunscoile agus d'éirigh le hiarratais roinnt daltaí ar chláir chéime ardoideachais eile. Is tionscnamh leanúnach é seo agus chuir sé bonn eolais faoi chomhiarratas ó IOM agus Coláiste na Tríonóide faoi Ghlaoch Chlár an HEA um Rochtain ar Ardoideachais (nó PATH mar is fearr aithne air sa Bhéarla).

3.2.4 Tionscnamh IOM, Chomhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus Leabharlanna Bhaile Átha Cliath – an Tionscadal Scéalaíochta

Tionscadal dialógach léite scéalta le haghaidh tuismitheoirí agus páistí is ea an Tionscadal Scéalaíochta arna eagrú ag Institiúid Oideachais Marino (IOM) le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus ó Leabharlanna Bhaile Átha Cliath. Tá an tionscadal dírithe ar scoileanna agus réamhscoileanna i scoilcheantar Chomhpháirtíocht Bhaile Átha Cliath. Tá cúig thionscadal scéalaíochta déag a raibh sé chéad seasca ceathair tuismitheoir agus a bpáistí páirteach iontu déanta ó cuireadh tús leis in 2009. Is éard atá ann ná clár léitheoireachta cúig seachtaine arna chruthú agus arna fhorbairt ag an Dr Joan Kiely, Ceann an Oideachais Luath-Óige in IOM. Féachann sé le tuismitheoirí a spreagadh chun léitheoireacht rialta a dhéanamh lena bpáistí, le páistí a spreagadh chun teanga díchomhthéacsaithe a úsáid, chun stór focal, comhrá agus scileanna cognaíocha na bpáistí a mhéadú agus le tuismitheoirí agus páistí a spreagadh chun a leabharlann áitiúil a úsáid.

Tugtar faoin tionscnamh seo le tacaíocht ghníomhach ó mhúinteoirí teagmhála baile pobail agus ó oideachasóirí Oideachais Luath-Óige a earcaíonn na tuismitheoirí chun páirt a ghlacadh sa tionscadal. Tugtar cuireadh do na tuismitheoirí sin teacht go IOM chun éisteacht faoina bhfuil i gceist leis an tionscadal agus chun bunoiliúint i léitheoireacht lena bpáistí a fháil. Tá na scoileanna rannpháirteacha in Ard Aidhin, Darndál, Coill an Phrióra, Domhnach Míde, An Choill Mhór agus Cill Easra. Is é an t-aiseolas a tháinig ó phróiseas athbhreithnithe inmheánaigh a raibh baint ag páirtithe leasmhara an tionscadail leis a rinneadh ó 2013 go 2016 go bhfuil feabhas ar úsáid teanga díchomhthéacsaithe na bpáistí, go bhfuil níos mó taitnimh á bhaint ag páistí agus ag tuismitheoirí as an léitheoireacht agus níos mó spéise acu i leabhair, go bhfuil caidrimh níos treise idir an tuismitheoir agus an páiste agus idir tuismitheoirí agus an scoil agus go bhfuil muinín níos mó ag tuismitheoirí iontu féin. Leanann IOM de chúnamh a thabhairt don tionscnamh seo i gcomhar leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile trí dheiseanna foghlama gairmiúla a chur ar fáil do rannpháirtithe ar an suíomh.

3.2.5 An Nasc-Chlár Scoileanna

D'fhonn tairbhe a dhéanamh don phobal i gcoitinne, eagraíonn an roinn amharc-ealaíon in IOM nasc-thionscadal scoileanna le páistí bunscoile agus a múinteoirí ó scoileanna DEIS agus ó aonaid ASD. Is é aidhm an tionscadail ná cumas ealaíonta páistí a fhorbairt, eiseamláir an dea-chleachtais a roinnt lenár mic léinn agus an mhistéir a bhaint den tríú leibhéal do pháistí a bhféadfadh sé nach mbeadh baill dá dteaghlach in oideachas tríú leibhéal. Gach bliain, déantar guth na bpáistí a áireamh sa tionscadal, comhtháthú gan choinne a thapú agus comhtháthú na n-amharc-ealaíon le réimsí curaclaim eile a phleanáil. Tá comhchuid taighde i gceist le gach tionscadal lena ndéantar athbhreithniú ar an tionchar a bhí ag comhtháthú na n-amharc-ealaíon ar ghné eile d'fhoghlaim an pháiste.

I 2015, d'fhorbair an t-amharc-ealaíontóir Vaneesa Donoso Lopez agus an léiritheoir Jennie Guy clár de ghníomhaíochtaí amharc-ealaíon próiseas-dírithe a bhí comhtháthaithe le scríbhneoireacht ghnásúil agus leis an saothar a chur ar taispeáint i dtaispeántas SEED ag Bloom 2016. Cuireadh na torthaí i láthair ag Comhdháil 2016 Chumann Litearthachta na hÉireann. Déanann Nasc-Chlár Scoileanna 2017 ceol, na hamharc-ealaíona agus oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta a nascadh. Fiosraíonn sé déanamh ceoil, ceolmhaireacht sna hamharc-ealaíona, amharc-scóir, eolaíocht na fuaime, inbhuanaitheacht, feasacht agus cúram comhshaoil. Ó thaobh na gné taighde comhthráthaí de, déantar athbhreithniú ar éifeachtacht an 'EcoSonic Playground' chun Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus an Mhatamaitic (nó STEAM mar is fearr aithne ar na hábhair seo sa Bhéarla) a fhoghlaim. Is cuid de thionscadal níos mó é an taighde seo dar teideal The EcoSonic Playground: *A Place Where Children Play, A Community's Project* agus tá sé á dhéanamh i gcomhar le hOllscoil Massachusetts Lowell.

3.2.6 Bealach Rochtana ar Ardoideachas agus Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas

D'fhonn rochtain ar ardoideachas a chur ar fáil do phobal níos leithne, tá IOM páirteach sna bealaí iontrála malartacha náisiúnta, Bealach Rochtana ar Ardoideachas agus Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (nó HEAR agus DARE faoi seach mar is fearr aithne orthu i mBéarla). Cuireann HEAR áiteanna ar phointí laghdaithe ar fáil d'fhágálaithe scoile atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ó thaobh cúlra de agus cuireann DARE áiteanna ar fáil do dhaltaí a raibh dúshláin oideachais bhreise rompu mar thoradh ar mhíchumas.

Coinníonn IOM 15% de na háiteanna ar chúrsaí fochéime do mhic léinn HEAR, do mhic léinn DARE agus do mhic léinn lánfhásta. Tá 45 mac léinn HEAR agus 23 mac léinn DARE cláraithe faoi láthair. Tá méadú seasta tagtha ar líon na mac léinn a nglactar leo trí na scéimeanna sin. Tá an líon is airde de chlárúcháin go dtí seo, idir HEAR agus DARE, sa bhliain acadúil 2016–2017 nuair a thosaigh 14 mac léinn HEAR agus 12 mac léinn DARE ar chláir fochéime i Meán Fómhair, 2016.

Nuair a chláraíonn siad, faigheann mic léinn HEAR roinnt cúnaimh airgeadais chun cabhrú leis na costais a bhaineann le freastal ar institiúid tríú leibhéal agus bíonn réimse tacaíochtaí acadúla ar fáil do mhic léinn DARE mar chuid de Sheirbhís Míchumais IOM (a bhfuil 40 mac léinn san iomlán cláraithe di).

3.3 IOLRACHAS AGUS OIDEACHAS

3.3.1 Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) agus Institiúid Oideachais Marino (IOM) – Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Ghairmithe Scoileanna Náisiúnta Pobail

Is bunscoileanna ilchreidmheacha stáit iad na Scoileanna Náisiúnta Pobail (nó scoileanna CNS mar is fearr aithne orthu sa Bhéarla) atá páistelárnach agus ionchuimsitheach. Is iad pátrúin scoileanna CNS ná na Boird Oideachais agus Oiliúna agus, go dáta, tá scoileanna náisiúnta pobail i gcontae Bhaile Átha Cliath, i gcontae Chill Mhantáin, i gcontae na Mí, i gcontae Chill Dara agus i gcontae Chorcaí. Tá clár deimhnithe forbartha ag Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann i gcomhar le hInstitiúid Oideachais Marino do ghairmithe scoileanna náisiúnta pobail. Ar mhodúil chlár 2017 tá:

- Scoileanna agus Éagsúlacht – Ionchuimsitheacht agus Oideachas Ilchultúrtha
- Béarla a Mhúineadh mar Theanga Bhreise – Cur Chuige Idirchultúrtha

- Ilchineálacht Reiligiúnach i gComhthéacs Idirchultúrtha
- Cearta an Duine, Oideachas faoi Chearta an Duine agus Idirchultúrachas

Fuarthas aiseolas an-dearfach ar an gclár ó rannpháirtithe agus táthar i mbun breis comhoibrithe idir ETBI agus IOM á fhiosrú.

3.3.2 An Dr Rowan Williams - Risking Faith in Conversation, Risking Faith in Schools

B'fhéidir nach minic a shamhlaítear na focail 'grástúlacht' agus 'teacht i láthair' leis na comhthéacsanna oideachais ina mbímid ag obair sa lá atá inniu ann. Ach bhí an-teacht i láthair agus grástúlacht ag baint leis an Ardeaspag Canterbury, an Dr Rowan Williams, nuair a tháinig sé chuig an gcoláiste i mBealtaine 2016. Thug sé muinín ar ais i bhfiúntas agus i bpoitéinseal an 'chomhrá mhaith' idir daoine, agus idir comhghleacaithe ó institiúidí agus ó ionaid oibre éagsúla leis an láíocht agus an fhlaithiúlacht a léirigh sé agus é ag comhrá go mórchroíoch le haíonna éagsúla ar an gcéad lá dá chuairt. Tá an spás acadúil in IOM fós beo ó fhocail an Ardeaspaig agus leis an gcuimhne ar an slua mór múinteoirí agus oideachasóirí a tháinig i láthair chun éisteacht leis agus chun labhairt leis.

Cúis cheiliúrtha is ea an chuairt don choláiste ach, mar is fíor i gcás gach ábhar ceiliúrtha, ní mór dúinn ceart a dhéanamh lena bhfuil á cheiliúradh againn. Tháinig roinnt mhaith ábhair machnaimh agus ábhar gnímh ón dá lá a chaith sé sa choláiste – agus dhá chiseán déag de sa bhreis ar a laghad. Is é an dúshlán atá ann ná na ciseáin sin a roinnt amach anseo chun go mbeidh leor-chothú ann do na múinteoirí atá le teacht agus iad ag dul i mbun a dtasc oideachais i saol ina mbíonn an comhrá gann agus suarach go minic.

3.3.3 Iolrachas Cultúrtha agus Reiligiúnach san Oideachas

Reáchtáladh comhdháil lae maidir le hiolrachas cultúrtha agus reiligiúnach san oideachas ar an 16 Aibreán, 2016 i Scoil Éacúiméinice na hÉireann, faoi choimirce Scoil Éacúiméinice na hÉireann, Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Institiúid Oideachais Marino agus Fhóram Idirchreidimh Chathair Bhaile Átha Cliath. Rinne an Dr Jude Lal Fernando ó Scoil Éacúiméinice na hÉireann agus an Dr Barbara O'Toole ó Institiúid Oideachais Marino an chomhdháil a phleanáil agus a chomhordú. Ba léiriú é an comhimeacht seo ar an gcaidreamh idir IOM agus Coláiste na Tríonóide atá ag neartú agus ba ó réimsí a bhfuil baint ag an dá eagraíocht leo a bhí na rannpháirtithe: oideachas múinteoirí, oideachas reiligiúnach, scoileanna, taighdeoirí, forais phátrúnachta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus daoine aonair a bhfuil spéis acu san ábhar. Ar na haíonna a thug cainteanna ag an gcomhdháil bhí an Dr Leslie Bash Religion, *Schooling and the State: Negotiating and Constructing the Secular Space*, an Dr John O'Grady *Religious Pluralism in Education,* Swami Purnananda *Hindu Pluralism in Education,* an Dr Melanie Brown Jewish *Pluralism in Education*, Dr Patrick Claffey Christian *Pluralism in Education,* Shaykh Dr Umar Al-Qadri Islamic *Pluralism in Education.*

CAIBIDIL 4

Saol na Mac Léinn

4.1 EISPÉIREAS MAC LÉINN & TACAÍOCHT

4.1.1 Guth na Mac Léinn

Is eagras ionadaíoch é Aontas na Mac Léinn Institiúid Oideachais Marino (IOMSU) le haghaidh na mac léinn go léir ar gach cúrsa in IOM. Tá IOMSU comhdhéanta de ghrúpa mac léinn deonach a fhéachann leis an ionadaíocht is fearr agus is féidir a dhéanamh do na mic léinn agus lena chinntiú go ndéanann gach mac léinn dul chun cinn sóisialta, fisiciúil agus acadúil sa choláiste.

Oifigigh feidhmiúcháin lena n-áirítear an tUachtarán, an Leas-Uachtarán agus an t-oifigeach Leasa agus Comhionannais atá in IOMSU chomh maith le hoifigigh thofa eile, lena n-áirítear na hoifigigh Siamsaíochta, Spórt agus B.Eol. Is iad príomhfheidhmeanna Aontas na Mac Léinn ná cúnamh acadúil a thabhairt do mhic léinn i leith tascanna agus torthaí scrúduithe, tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhfuil sé ag teastáil uathu, ó thús na bliana ar aghaidh; ionadaíocht a dhéanamh do mhic léinn le comhlachtaí seachtracha, mar Chumann Múinteoirí Éireann (INTO), agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus chun siamsaíocht a chur ar fáil ar an gcampas agus lasmuigh den champas. Díríonn na hoifigigh Spóirt sa choláiste ar an tábhacht a bhaineann leis an aclaíocht i saol daoine agus déanann siad a ndícheall cur ar chumas na mac léinn páirt a ghlacadh ar an bpáirc nó ar an gcúirt spóirt. Tá Cumann Gaelach gníomhach ann freisin a bhíonn i mbun dea-dhearcadh i leith na Gaeilge agus i leith an chultúir Ghaelaigh a spreagadh in IOM.

Déanann baill IOMSU ionadaíocht do mhic léinn ar choistí áirithe san Institiúid mar an Chomhairle Acadúil, an Bord Rialaithe, an Chúirt Achomharc agus an Coiste Idirchaidrimh um Fhoireann agus Mhic Léinn (nó an Staff-Student Liaison Council (SSLC), mar is fearr aithne air sa Bhéarla). Ar deireadh thiar, is mian le IOMSU go gcuirfear eispéireas ardchaighdeáin acadúil agus sóisialta ar fáil do na mic léinn uile agus iad in Institiúid Oideachais Marino.

4.1.2 An Coiste Idirchaidrimh um Fhoireann agus Mhic Léinn

Is modh cumarsáide é an Coiste Idirchaidrimh um Fhoireann agus Mhic Léinn (SSLC mar is fearr aithne air sa Bhéarla) idir an fhoireann agus na mic léinn. Is fóram é le haghaidh plé ar ábhair acadúla, ar thacaíocht do mhic léinn agus ar áiseanna. Rinneadh plé ar shaincheisteanna ar an bhfóram seo a raibh áiseanna feabhsaithe mar thoradh air lena n-áirítear athchóiriú agus uasghrádú an tseomra aclaíochta, spás breise do mhic léinn agus uaireanta lónadóireachta níos faide. Léirítear guth na mac léinn sna beartais agus sna nósanna imeachta leasaithe chomh maith maidir le hábhair mar scrúduithe, tinreamh agus coinbhinsiúin acadúla. Tá ceathrar ball foirne ar an SSLC, lena n-áirítear ionadaí ó Oifig an Chláraitheora, ionadaí ó rannóg an tSocrúcháin Scoile, ionadaí ó na cláir oideachais tosaigh múinteoirí (B. Oid agus MGO), agus cláir acadúla IOM eile, agus idir ceathrar agus seisear ionadaithe arna dtoghadh ag na mic léinn lena n-áirítear uachtarán Aontas na Mac léinn, an leas-uachtarán, an t-oifigeach leasa, agus an t-oifigeach oideachais. Bíonn trí chruinniú in aghaidh na bliana ag an SSLC.

4.1.3 Sláinte na Mac Léinn

Táimid tiomanta in Institiúid Oideachais Marino do thacú le sláinte na mac léinn agus cuirtear roinnt seirbhísí ar fáil ina leith sin. Chun tacú le mic léinn a sláinte choirp a chothú, cláraíonn Ionad Míochaine Fhionnradhairc gach mac léinn nua trí Oifig an Chláraitheora agus tá trí chuairt saor in aisce in aghaidh na bliana acadúla ar fáil do na mic léinn uile. Tá áiseanna móra spóirt agus áineasa ar fáil agus is léir an cur chuige réamhghníomhach i dtaobh cur chun cinn na sláinte ar an gcampas. Tá IOM chomh réamhghníomhach céanna maidir le sláinte mheabhrach agus bíonn gníomhaíochtaí ar siúl le linn na Seachtaine Sláinte Meabhraí chomh maith le tionscnaimh leanúnacha mar Suaimhneas (féach 4.1.4.4). Cuireann an tSeirbhís Comhairleoireachta (i gcomhar le Seirbhís Comhairleoireachta Choláiste na Tríonóide) comhairleoireacht duine ar dhuine agus comhairleoireacht i ngrúpaí chomh maith le measúnú ar fáil ar an gcampas, ar líne, agus/nó lasmuigh den champas in Oifigí Comhairleoireachta Choláiste na Tríonóide. Tá tacaíocht ar fáil freisin i gcás éigeandála nó teagmhais chriticiúil.

Tá tacaíocht acadúil ar fáil in IOM ón tús agus déantar próiseas cuimsitheach ionduchtúcháin nuair a chláraíonn mic léinn. Tugtar ball ón bhfoireann acadúil do gach mac léinn mar theagascóir chun treoir a thabhairt maidir le gach gné den saol acadúil agus chun tacaíocht agus treoir shaindírithe a chur ar fáil nuair is

gá. Tá an fhoireann um Fhoghlaim agus Fhorbairt Mac Léinn de chuid TCD ar fáil do mhic léinn Marino freisin ó thaobh ábhar mar scríbhneoireacht acadúil, scileanna cuir i láthair, ullmhúchán le haghaidh scrúduithe agus ábhair eile. Tá córas meantóireachta bunaithe ag na mic léinn féin a dtugtar POP air (Peer-On-Peer) trína dtugann mic léinn a bhfuil taithí acu tacaíocht agus treoir dóibh siúd atá díreach tar éis tús a chur lena n-aistear acadúil. Do mhic léinn faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanas oideachais speisialta acu, cuireann Seirbhís Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas IOM (i gcomhar le Seirbhís TCD do Dhaoine faoi Mhíchumas) Achoimre ar Riachtanais Oideachais Foghlama (nó tuairisc LENS mar is fear aithne air sa Bhéarla) ar fáil ina leagtar amach na 'socruithe réasúnta' a éascóidh leis an mac léinn páirt a ghlacadh i staidéar agus barr a c(h)umas a bhaint amach. Tá IOM tiomanta do thimpeallacht inrochtana chuimsitheach a chinntiú go fisiciúil, go sóisialta agus ó thaobh dearcaidh de.

Cuireann IOM Ciste *Cúnaimh do Mhic Léinn* ar fáil freisin trína gcuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do mhic léinn a mbeadh sé deacair dóibh dul i mbun oideachais tríú leibhéal murach sin. Is féidir le mac léinn ar bith a bhfuil deacrachtaí airgeadais sealadacha nó leanúnacha aige nó aici cur isteach ar thacaíocht.

Cuireann an tSéiplíneacht agus Ministreacht an Champais tacaíocht spioradálta agus tacaíocht phearsanta ó thaobh shaol an choláiste agus ó thaobh báis agus breoiteachta ar fáil agus tugann siad cuireadh rialta do Phobal Marino na rudaí tábhachtacha i saol an choláiste a cheiliúradh trí spásanna a chur ar fáil don ghuí, don mhachnamh, don chlaochlú agus don fhorbairt phearsanta.

4.2 GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHCHURACLAIM AGUS SEACH-CHURACLAIM

4.2.1 Ceol in IOM

Déanann mic léinn ceol a fhoghlaim agus a sheinm in Institiúid Oideachais Marino trí ghníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus iad ag comhlíonadh riachtanais a gcúrsa nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí ceoil seach-churaclaim.

Is gné lárnach de na modúil Ealaíon/Ealaíon Comhtháite é an tOideachas Ceoil do mhic léinn a dhéanann an chéim Bhaitsiléara san Oideachas, an chéim san Oideachas Luath-Óige, nó an Mháistreacht san Oideachas (Bunmhúinteoireacht). Leagtar béim ar rannpháirtíocht phraiticiúil agus chomhoibritheach ar na cláir seo de réir mar a dhéanann mic léinn forbairt ar a smaointeoireacht oideolaíoch agus ar a saineolas ar theagasc ceoil. Chomh maith leis sin, pléann roinnt mac léinn le saincheisteanna oideachais ceoil ó thaobh an taighde de sna modúil tráchtais ar a gcláir chéime. Ar na hábhair taighde a pléadh le déanaí tá cumas múinteoirí, foghlaim fhoirmiúil/neamhfhoirmiúil, agus na dúshláin a mheastar atá ann i leith ceol a mhúineadh i mbunscoileanna. Gné eile a bhaineann le forbairt mhic léinn IOM mar oideachasóirí, agus atá ar fáil in

IOM amháin b'fhéidir, ná an cur chuige traschuraclaim faoi threoir na mac léinn i leith príomh-imeachtaí liotúirgeacha a ullmhú mar an Aifreann Oscailte agus an Aifreann Clabhsúir, an tseirbhís Charúl Nollag agus searmanais liotúirgeacha eile. Tacaíonn agus éascaíonn léachtóirí ón Roinn Oideachais Reiligiúnaigh agus an Roinn Ceoil leis na hullmhúcháin seo.

Is léir an tacaíocht dhíograiseach atá ann don timpeallacht cheoil bhríomhar neamhfhoirmiúil i Marino ó na scoth-cheoltóirí a fheictear sna ceolchoirmeacha ag deireadh téarmaí agus sna craoltaí *Céilí House* RTÉ ó bhliain go bliain. Meallann IOM scoth na gceoltóirí praiticiúla ó na seánraí ceoil éagsúla, agus ón gceol traidisiúnta go háirithe. Is comhartha maith é moladh agus spreagadh na gceoltóirí seo do thodhchaí an oideachais ceoil i scoileanna.

4.2.2 Cluichí Gaelacha

Is cuid bhunúsach de shaol IOM iad na cluichí Gaelacha i gcónaí. Is buntáiste an-mhór é le ceithre bliana anuas gur ceapadh Oifigeach chun Cluichí a chur chun cinn arna chómhaoiniú ag Páirc Uí Chrócaigh agus IOM. Tar éis dóibh Corn na Mac Léinn (Roinn 2) a bhuachan i 2016, chaill foireann na bhfear amach ar áit i gcluiche ceannais Chorn Trench (Roinn 2) i 2017 nuair a chaill siad cluiche leathcheannais chrua le pointe amháin i gcoinne Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Rinne foireann iomána na bhfear an-iarracht Corn Fergal Maher (Roinn 3) a bhaint ach bhuaigh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo, Leitir Fraic orthu sa chluiche ceannais. Bhí an tús áite ag foireann peile na mban i 2017 nuair a bhuaigh siad Corn Donaghy i gcoinne fhoireann cróga Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn. Is dea-thuar é rath na foirne camógaíochta sna comórtais réamh-Nollag. Bíonn gach duine san Institiúid an-bhródúil as an díograis agus an tiomantas a léiríonn na mic léinn dá spóirt.

Is deacair gan an bheocht atá i ngníomhaíochtaí Chumann Lúthchleas Gael a thabhairt faoi deara i measc na mac léinn agus fhoireann na hinstitiúide (acadúil agus cúntach). Cuirtear ríomhphoist faoi shocruithe agus thorthaí, agus tuairiscí ar chluichí chuig gach duine ar champas. Cuirtear grianghraif de chluichí agus tuairiscí ar chluichí ar na cláir fógraí, ar na leathanaigh Facebook, ar shuíomh Idirlín agus Ríomhiris na hInstitiúide. Tá a suíomh idirlín spórt féin, *Marino Sport*, ag na mic léinn agus bíonn clúdach iontach scríofa agus pictiúr san iris mhíosúil a chlóitear go hinmheánach, *Marino Matters.* Bíonn cumarsáid mheandrach idir gach duine atá páirteach sna Cluichí Gaelacha san Institiúid trí na meáin shóisialta.

4.2.3 Corpacmhainn agus Spórt

Tá rochtain ag mic léinn IOM ar spás aclaíochta agus rinneadh uasghrádú air i 2017 tar éis próisis comhairliúcháin. Eagraítear ranganna aclaíochta i rith an téarma lena n-áirítear campa aclaíochta sé seachtaine i ndiaidh na Nollag a mbíonn freastal mór air.

I mbliana, bhí foireann chispheile na bhfear in IOM den chéad uair leis na blianta. Cé nár bhuaigh an fhoireann aon chluiche sa tsraith, tá moladh mór ag dul do thiomantas na foirne cóitseála agus do na himreoirí. Bhí imreoirí ó chláir IOM, lena n-áirítear an Bonnchlár Idirnáisiúnta agus na cúrsaí B. Oid. agus B. Eol., ar an bhfoireann nua sin. Bhí cispheil na mban iontach agus iomaíoch i rith 2016–2017 ach cé gur imir siad go maith, níor éirigh leo áit sa chluiche ceannais a bhaint amach.

Tá mic léinn a bhfuil spéis acu i gcluichí agus i spóirt nach n-imrítear iad in IOM i dteideal imirt do Choláiste na Tríonóide. Tá mic léinn reatha ina mbaill de chumainn sacair, lúthchleasaíochta, badmantain agus leadóige boird Choláiste na Tríonóide. Moltar do mhic léinn tabhairt faoin spórt a bhfuil spéis acu ann ina gclubanna áitiúla. Scéal amháin suntasach ná gur bhuaigh mac léinn IOM an bonn óir in imeacht Ealaíona Comhraic Measctha na hEorpa i 2016.

4.2.4 Suaimhneas

Tá an uair Suaimhnis ag meán lae ar an gCéadaoin ina gné d'amchlár IOM ó 2013. Cuirtear an uair 'sosa' seo nó am machnaimh ar an amchlár ar mhaithe le folláine na mac léinn agus na foirne. Ní tharlaíonn aon léacht, seimineár ná cruinniú le linn na huaire seo. Tugtar deis mhachnaimh do mhic léinn agus don fhoireann trí spás pearsanta a bheith acu i dtimpeallacht IOM nó trí leas a bhaint as ceann de na deiseanna iomlánaíocha nó ciúnais atá ann.

Chomh maith leis an spás machnaimh ina seinntear ceol naofa sa séipéal, cuirtear aireachas, cleachtaí aireachais, tai chi, tai chi le ceol, cleachtais Capacitar,ióga, toilleoir, lámha san ithir, ceardlanna le healaíontóirí, siúlóidí aireachais, machnamh, teiripe le coileáin, ceardlanna henna, spás húlahúp, damhsa ciorcail agus grianghrafadóireacht i measc rudaí eile ar fáil. Chomh maith leis sin, is deis é Suaimhneas do mhic léinn seisiúin chomhairleoireachta buail isteach a dhéanamh le comhairleoir Choláiste na Tríonóide ar an láthair in IOM nó bualadh lena dteagascóir príobháideach ag an am sin.

Is é príomhchuspóir na huaire Suaimhnis, áfach, ná spás a chur ar fáil don mhachnamh i lár na seachtaine coláiste gnóthaí. Léirigh rannpháirtithe staidéir taighde iardhochtúireachta gur riachtanach a leithéid de spás chun forbairt a dhéanamh ar 'saol inmheánach' mar mhic léinn in IOM.

4.2.5 Scríbhneoir Cónaithe IOM

Tionscnaíodh Clár an Scríbhneora Chónaithe i gcomhar le hÉigse Éireann agus tá sé bunaithe anois in IOM. Tá sé dírithe ar na healaíona san oideachas a chur chun cinn, spéis na mac léinn i litríocht a mhéadú, agus deiseanna a thabhairt do mhic léinn ar spéis leo a gcumas scríbhneoireachta cruthaithí féin a fhorbairt aiseolas a fháil ar a gcuid ó scríbhneoir a bhfuil saothar leis nó léi foilsithe. Tá sé d'aidhm ag an gclár seo cur le forbairt phearsanta, acadúil agus ghairmiúil na mac léinn agus lena n-eispéireas ar an saol campais lasmuigh den léachtlann agus den seomra ranga. Ar ghníomhaíochtaí an chláir tá léamha, ceardlanna ranga, cainteanna ar leabhair do pháistí agus gné ar líne atá ar fáil do gach duine ar champas. Ar na hiar-scríbhneoirí cónaithe tá an t-údar leabhar do pháistí, Siobhán Parkinson, a bhí ina céad Laureate na nÓg ina dhiaidh sin, agus an file Enda Wyley, a ndearnadh ball d'Aosdána di le déanaí. Is cruthaitheoir leabhar pictiúr agus úrscéalaí í an Scríbhneoir Cónaithe reatha, Marie-Louise Fitzpatrick. Bhronn Leabhair Pháistí Éireann gradam Leabhar na Bliana uirthi faoi cheithre, arb é *Hagwitch* an t-úrscéal is déanaí a bhuaigh an gradam. Bíonn buanna éagsúla, cineálacha taithí éagsúla agus scileanna éagsúla agus dearcadh cruthaitheach ar leith ag gach scríbhneoir, rud a chuireann leis na cúrsaí litríochta sa choláiste agus ba cheart go n-imreodh sé seo dea-thionchar ar chleachtas sa seomra ranga amach anseo. Gné shuntasach de chónaitheacht 2016–7 is ea an tsraith de bhlaganna a chuir Marie-Louise thart faoin bpróiseas a bhaineann le leabhar pictiúr a chruthú ón mbunsmaoineamh go dtí an táirge deiridh foilsithe.

4.2.6 5 Seóthaispeántas Mhic Léinn an Bhonnchláir Idirnáisiúnta leis an Uasal Richard Bruton, TD, Aire Oideachais agus Scileanna

Bhí deis iontach ag mic léinn Bhonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide a staidéar a chur i láthair d'Aire Oideachais agus Scileanna na hÉireann, an tUasal Richard Bruton, TD, ar an 2 Mí na Nollaig, 2016. Ag obair i ngrúpaí de bheirt nó de thriúr, d'ullmhaigh na mic léinn cláir chur i láthair chun an t-ábhar a d'fhoghlaim siad sna modúil ó thús an chláir go Meán Fómhair, 2016 a léiriú.

Thug beirt mhac léinn ón gclár, Sohyun Lim Uas. ón gCóiré Theas agus Basel Alrajhi Uas. ó Chuáit cur i láthair ar a n-eispéireas. Agus í ina cónaí i mBaile Átha Cliath, d'fhreastail Sohyun ar imeachtaí a d'eagraigh Cumann na Cóiré Choláiste na Tríonóide. Shocraigh sí go gcuirfeadh sí isteach ar chéim i nGnó, Eacnamaíocht agus Eolaíocht Shóisialta. De ghnáth, ní féidir le mic léinn a dhéanann an curaclam ardscoile sa Chóiré Theas dul díreach isteach in Ollscoil in Éirinn. Nuair a rinne sí iarratas, fuair sí eolas ar Bhonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide in Institiúid Oideachais Marino.

Labhair Basel faoin eispéireas a bhí aige ina chónaí ar champas na hInstitiúide: Mhínigh sé go ndeimhnítear lóistín do mhic léinn an chláir, rud a laghdaíonn an strus a bhíonn ar mhic léinn idirnáisiúnta go minic agus iad ag lorg áit chónaithe. Dar leis, níl IOM chomh mór nó chomh scanrúil is atá Coláiste na Tríonóide cé gur coláiste gnóthach í.

4.3 TEICNEOLAÍOCHT AG CUR LE CÓRAIS AGUS FOGHLAIM NA MAC LÉINN

4.3.1 Foghlaim Sholúbtha

Tá cianfhoghlaim sholúbtha ar fáil in IOM anois. Bhí ceithre mhodúl ar fáil ar líne in 2008 agus anois tá modúl ar líne amháin ar a laghad ar gach cúrsa Máistreachta agus Dioplóma fochéime agus iarchéime in IOM. Baintear úsáid as módúlachtaí ilmheán ar a lán cúrsaí. Tá ábhar ar féidir é a chur i gcrích go haisioncrónach ar fáil do mhic léinn pháirtaimseartha ar na cláir Dioplóma agus Mháistreachta in IOM, rud a chiallaíonn nach mbíonn orthu é a chur ar fáil duine le duine i mBaile Átha Cliath. Tá ocht modúl is fiche ar líne á mbainistiú ag IOM faoi láthair agus beidh ábhar nua ar fáil ar líne i 2017 (mar shampla an Teastas Oideachais Edmund Rice sa Cheannaireacht Thar Theorainneacha). Tacaíonn an fhoireann uile TF leis an gcur chuige foghlama solúbtha seo tríd an Deasc Chabhrach TF.

Cuireann IOM sraith de chúrsaí samhraidh ar líne ar fáil dóibh siúd sa ghairm mhúinteoireachta, tríd an suíomh idirlín nó i gcomhar le soláthraithe tríú páirtí. Bíonn teidil na gcúrsaí ar líne an-éagsúil agus tá siad bunaithe ar riachtanais foghlama ar feadh an tsaoil. Tá freastal fíorúil maith ar na cúrsaí go dáta mar shampla, Múinteoirí & an Dlí; Oideachas Luath-Óige; Litearthacht; Matamaitic agus Measúnú Nuálach le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa, tréimhse den fhéilire acadúil a bhíonn ciúin de ghnáth.

4.3.2 Córas Coinneála Taifead IOM – Maestro

Is é Maestro príomhbhealach na hInstitiúide chun taifead a choinneáil ar dhul chun na mac léinn. Coinnítear taifead ann ar shonraí teagmhála na mac léinn, stádas reatha, a dtinreamh, sonraí chun tacú le mic léinn faoi mhíchumas, sonraí socrúchán oibre, agus torthaí scrúduithe. Tá an córas á fhorbairt ó 2013 agus is é Oifig an Chláraitheora a dhéanann é a bhainistiú. Cuireann Maestro réimse leathan faisnéise ar fáil don phearsanra ábhartha san institiúid ó mhic léinn, go léachtóirí, oifig an chláraitheora agus an fhoireann socrúchán scoile. Cuireann sé le heispéireas na mac léinn sa chaoi is gur féidir leo rochtain a fháil ar thorthaí scrúdaithe, scríbhinní scrúdaithe, taifid tinrimh agus socrúchán scoile san aon áit amháin agus éascaíonn an fhaisnéis le litreacha a chur chuig mic léinn ag deimhniú a stádais.

4.3.3 Moodle agus Mahara

Baintear úsáid as Moodle, timpeallacht fhíorúil, foghlama chun an t-ábhar cúrsa uile do gach ceann dár gcúrsaí fochéime, iarchéime, idirnáisiúnta, teastais agus dioplóma a óstáil. Rinneadh uasghrádú ar Moodle le blianta beaga anuas chun éascú le soláthar HTML5, rud a chiallaíonn gur féidir breathnú ar ábhar ar fhóin phóca nó ar ghléas táibléid. Cuireadh Moodle in oiriúint do riachtanais IOM freisin sa chaoi is gur cuireadh feidhmeanna breise lenár dtimpeallacht foghlama fhíorúil. Mar shampla, tá bogearraí frith-bhradaíola (Turn it in) ina gcuid de gach modúl anois agus is féidir le mic léinn a chinntiú nach bhfuil aon bhradaíl ina dtascanna trína bpróifíl chuntais Moodle.

Déanann Moodle óstáil d'ábhar Ríomhphunainne na mac léinn freisin le Mahara – is féidir le gach mac léinn in IOM a n-aistear foghlama a chruthú agus doiciméadú a dhéanamh air ar feadh a dtréimhse staidéir. Chomh maith leis sin, bíonn an deis ag na mic léinn fochéime go léir Ríomhphunann ilmheán a chruthú chun a saothar a chur ar taispeáint.

CAIBIDIL 5

Comhoibriú, Idirchaidreamh & Seirbhís Den Scoth

5.1 COMHOIBRIÚ

5.1.1 Comhoibriú idir IOM & Coláiste na Tríonóide

Bhí an chomhpháirtíocht ina gné lárnach de Phlean Straitéiseach 2015–2020 a fhorbairt. Ceapadh an straitéis acadúil don todhchaí i gcomhar le Coláiste na Tríonóide agus gealladh go neartófaí an caidreamh idir IOM agus Coláiste na Tríonóide trí rannpháirtíocht agus comhoibriú níos dlúithe i gcomghníomaíochtaí sna réimsí teagaisc agus taighde. Ar na comhthograí eiseamláire idir IOM agus an ollscoil tá:

5.1.1.1 An Scoil Oideachais, Coláiste na Tríonóide agus IOM

Léiríonn Scoil Oideachais Choláiste na Tríonóide agus IOM tiomantas láidir don chomhoibriú i gcónaí trí chomhghníomhaíocht taighde agus teagaisc. Cuireann Coláiste na Tríonóide agus IOM oideachas múinteoirí ar fáil atá bunaithe ar thaighde agus, le chéile, clúdaíonn siad na hearnálacha oideachais, rud a éascaíonn le sineirgí fiúntacha in oideachas tosaigh múinteoirí san oideachas luath-óige, sa bhunoideachas, sa mheánoideachas, sa bhreisoideachas, san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tá an cur chuige sin ag teacht le Tuairisc ón Roinn Oideachais agus Scileanna ó mhí Iúil 2012 dar teideal *Report of the International Review Panel on the Structure of Initial Teacher Education Provision in Ireland: Review conducted on behalf of the Department of Education and Skills.*

Tugadh cuireadh do dheich mball foirne iarratas a chur isteach chun bheith ina gcomhlaigh taighde den Scoil Oideachais. Tá siad nasctha ó shin, mar is cuí, le dhá ionad taighde i gColáiste na Tríonóide, Cultúir agus Luachanna Acadúla san Oideachas agus an tIonad Taighde ar an Teicneolaíocht Faisnéise san Oideachas (CAVE agus CRITE faoi seach mar is fearr aithne orthu sa Bhéarla), agus le grúpaí taighde na Scoile. Tá cuir i láthair ag seimineáir agus siompóisiamaí déanta acu chomh maith le rannpháirtíocht ar fhoirne taighde agus comhiarratas IOM-Choláiste na Tríonóide faoin bPlean Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas, 2015–2019, Ciste an Chláir um Rochtain ar Ardoideachas (PATH), Snáithe 1 Cothromas Rochtana ar Oideachas Tosaigh Múinteoirí.

5.1.1.2 An Lárionad um Thaighde ar TF san Oideachas (CRITE), Coláiste na Tríonóide agus IOM

Is comhthionscnamh é an Lárionad um Thaighde ar TF san Oideachas idir an Scoil Oideachais agus an Scoil Ríomheolaíochta & Staitisticí. Is é a chlár taighde ná fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir teicneolaíocht a úsáid chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú. Déantar an fiosrú seo, den chuid is mó, i gcomhthéacs an tógachais agus an tógachais shóisialta. Is gné shainiúil an Lárionaid é an sineirge dlúth idir an dá dhisciplín acadúla seo agus éascaíonn sé leis an Lárionad uirlisí agus straitéisí oideolaíochta a fhorbairt a gcuireann dearcadh teicneolaíochta agus dearcadh oideachasúil leo. Foilsíodh roinnt alt a bhaineann leis an bhfócas taighde seo in irisí piarmheasúnaithe agus i bhfoilseacháin chomhdhála.

5.1.1.3 Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide

Is clár bliana páirtaimseartha é Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide a bhfuil sé d'aidhm aige na scileanna acadúla agus foghlama is gá leo ó thaobh an Bhéarla agus ó thaobh a ndisciplíní áirithe a thabhairt d'ábhar fochéimithe chun go mbeidh siad réidh le tabhairt faoi staidéar fochéime lánaimseartha i gColáiste na Tríonóide agus in IOM. Is iad príomh-mhodúil an chláir ná Béarla chun Cuspóirí Acadúla agus Matamaitic chomh maith le modúil a bhaineann le hábhair áirithe an dá príomhshruth, Innealtóireacht & Eolaíocht agus Gnó, Eacnamaíocht & Eolaíochtaí Sóisialta. Thosaigh an chéad ghrúpa mac léinn ó deich gcúlra náisiúnta éagsúla ar an gclár i Meán Fómhair 2016 agus is iad na spriocmhargaí ná an tSín, an Nigéir, an Araib Shádach agus an Rúis.

5.1.1.4 Iontaobhas Ghlas Naíon, an Roinn Staire, Coláiste na Tríonóide agus IOM

Is comhthionscadal é an Tionscnamh Oideachais Staire a bhfuil ionadaithe ó Iontaobhas Ghlas Naíon, staraithe gairmiúla ón Roinn Staire, Coláiste na Tríonóide agus oideachasóirí múinteoirí ó IOM páirteach ann. Is é príomhfhócas na n-imeachtaí go dáta ná tacú le múinteoirí bunscoile machnamh a dhéanamh ar chomóradh 1916 agus foghlaim uaidh sin chun go ndéanfar an phleanáil is fearr agus is féidir do chomóradh Chogadh an Saoirse agus an Chogaidh Chathartha. Tar éis comhimeachta ar éirigh go maith leis i gColáiste na Tríonóide ar an 12 Eanáir 2016, forbraíodh cúrsa samhraidh don fhorbairt leanúnach ghairmiúil do mhúinteoirí bunscoile.

5.1.1.5 Comhairleoireacht, Seirbhís do Mhic Léinn um Fhoghlaim a Fhorbairt agus Soláthar Míchumais, Coláiste na Tríonóide agus IOM

I bhfianaise thiomantas IOM do sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil do mhic léinn agus i ndiaidh tuairimí mhic léinn IOM a iarraidh, tá comhaontuithe seirbhíse forbartha ag IOM leis an tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn, leis an tSeirbhís do Mhic Léinn um Fhoghlaim a Fhorbairt agus leis na Seirbhísí Míchumais i gColáiste na Tríonóide. Déantar athbhreithniú bliantúil ar na socruithe sin, socruithe ar forbraíodh iad i gcomhthéacs an chomhoibrithe agus chun dúbláil a sheachaint ar fud na n-institiúidí ardoideachais.

5.1.2 Lárionad IOM um Oideachas Reiligiúnach

Tagann IOM agus na coláistí agus na hinstitiúidí a thugann tacaíocht agus oiliúint do mhic léinn i gceannaireacht san oideachas Caitliceach in Éirinn le chéile gach bliain i Mainistir na Coille Móire le haghaidh cúrsa spioradálta Carghais. Is iad na coláistí agus na hinstitiúidí a ghlacann páirt ann ná Institiúid Oideachais Marino, Coláiste Mhuire gan Smál, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad agus foireann agus mic léinn ó Ollscoil Notre Dame (SAM). Féachann an chomhpháirtíocht seo le freastal a dhéanamh ar scoileanna Caitliceacha in Éirinn trí cheannairí a aithint agus a fhorbairt, trí thacú le saol an chreidimh i measc oideachasóirí Éireannacha agus trí chomhpháirtíochtaí a chruthú idir ceannairí oideachais ó na Stáit Aontaithe, ó Éirinn agus áiteanna eile i gcéin. Cuireann na coláistí agus na hinstitiúidí réimse clár agus imeachtaí ar fáil a thacaíonn leis an aidhm seo lena n-áirítear an Comhphlé agus Dinnéar mar thaca leis an oideachas Caitliceach. Ar an leibhéal acadúil, buaileann na mic léinn ón gclár Ceannaireachta Críostaí san Oideachas ó IOM agus ó Choláiste Mhuire gan Smál le chéile gach bliain le haghaidh collóiciam chun taighde i réimse na Ceannaireachta san oideachas Críostaí a roinnt.

5.1.3 IOM agus Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste

Tá an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta na Gaeilge (SCG) á cur ar fáil ag Institiúid Oideachais Marino ó 2005. Is forbairt shuntasach é gur féidir, ó 2017, cúrsaí do Cháilíocht na Gaeilge a chur ar fáil i dTuaisceart Éireann. Tharla sé sin toisc gur iarr Coláiste Ollscoile Naomh Muire Feirste ar Institiúid Oideachais Marino Lá Oiliúna a chur ar fáil do theagascóirí Cháilíocht na Gaeilge a bheidh in ann na cúrsaí a chur ar fáil i dTuaisceart Éireann sa todhchaí. Chuir Rannóg na Gaeilge agus Oifig an SCG in Institiúid Oideachais Marino an lá oiliúna ar fáil i

gColáiste Ollscoile Naomh Muire. D'fhreastail ceithre bhall foirne ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire ar an lá forbartha gairmiúla agus tá siad anois in ann Cúrsaí don Scrúdú le hAghaidh Cáilíóchta sa Ghaeilge a thabhairt i dTuaisceart Éireann. Mhaoinigh an Roinn Oideachas, Tuaisceart Éireann, an Comhoibriú Thuaidh Theas seo idir IOM agus Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. Is i bPoblacht na hÉireann amháin a reáchtálfar na scrúduithe don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge i gcónaí.

5.2 IDIRNÁISIÚNÚ

5.2.1 Teastas Oideachais Thar Theorainneacha Éamoinn Rís (EREBB) sa Cheannaireacht: I dtreo oideachais a mbaineann ionchuimsitheacht agus saoirse leis

I mí na Bealtaine, 2014, tháinig ceannairí ionadaíocha Oideachais Éamoinn Rís ar fud an domhain le chéile in Nairobi sa Chéinia chun gréasán idirnáisiúnta ionchuimsitheach de phobail oideachais Éamoinn Rís a bhunú. Bunaithe ar thuiscintí a bailíodh ag an gcruinniú seo, féachann Oideachas Éamonn Rís Thar Theorainneacha le léargais reatha ar Fhís Éamonn Rís Beannaithe a fhorbairt sna pobail oideachais sin don domhan. Ag tacú le meon na dlúthpháirtíochta domhanda, tá fís an EREBB, ar spreag teagasc Íosa, luachanna Soiscéalacha agus spiorad Éamoinn Rís, tiomanta don oideachas bunathraithe le haghaidh ceartais agus saoirse.

Is é ceann de na gníomhartha tosaíochta a aithníodh chun go gcuirfí an comhthiomantas seo i gcrích ná ceannairí a fhorbairt a bheidh in ann pobail a spreagadh chun tabhairt faoin misean domhanda seo. Gheall Institiúid Oideachais Marino go n-oibreodh sí le hIontaobhas Scoileanna Éamoinn Rís i gcomhar le hionadaithe ar fud an domhain chun clár um theastas ceannaireachta ar líne fiche uair a fhorbairt. Bhí ionadaithe ón Afraic Theas, ó Mheiriceá Thuaidh, ón Airgintín, ón Astráil, ó Shasana, ón India, ó Éirinn agus ó Thuaisceart Éireann ar an bhfoireann a d'fhorbair an cúrsa.

5.2.2 Staidéar Thar Lear – Coláiste Iona, New Rochelle, Nua - Eabhrac, SAM

Tá an clár Pas Iarthar na hEorpa agus an turas Iona ar Mhisean mar chuid den ghaol idir IOM agus an Oifig um Staidéar Thar Lear i gColáiste Iona anois, rud a chuireann le traidisiún fada chlár sheimeastar an earraigh. Caitheann mic léinn chlár Pas Iarthar na hEorpa trí thréimhse de chúig seachtaine i mBaile Átha Cliath, Barcelona agus sa Róimh agus is clár gearr dírithe ar fhoghlaim seirbhíse é an turas Misin trí Oifig Iona um Mhisean agus Mhinistreacht. Le linn an mhisin leanann na mic léinn Iorg Edmund Rice Beannaithe agus faigheann siad taithí ar an tseirbhís, ag obair le grúpa ionadaíoch de dhaoine faoi mhíbhuntáiste in Éirinn.

5.2.3 Eispéireas Intéirneachta Idirnáisiúnta – Ollscoil Stenden, an Ísiltír

Rinne mic léinn B. Eol. an chéad Intéirneacht Idirnáisiúnta i 2016. I ndiaidh cuairt foirne ar an Ísiltír, próisis roghnúcháin mac léinn agus clár saindeartha roimh imeacht, thaistil beirt mhac léinn go Leeuwarden san Ísiltír, áit ar oibrigh siad i scoileanna trítheangacha Freaslannacha (Ollainnis, Béarla agus Freaslainnis) agus ina ndearna siad comhoibriú le mic léinn oideachais in Ollscoil Stenden ar thionscadail taighde scoil-bhunaithe. Thug na mic léinn faoina dtionscadail taighde féin freisin agus rinne siad comparáid idir an cur chuige Éireannach agus an cur chuige Ollannach ó thaobh teagaisc teanga agus ó thaobh fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí de. Tá an t-eispéireas intéirneachta idirnáisiúnta ag teacht le Plean Straitéiseach IOM agus tá eispéiris idirnáisiúnta eile beartaithe do na mic léinn.

5.2.4 SUAS Educational Development in Institiúid Oideachais Marino

I Meán Fómhair, 2015, sheol Institiúid Oideachais Marino clár nua socrúchán thar lear do mhic léinn IOM i gcomhar le SUAS Educational Development (www.suas.ie). Is deis é an clár seo do mhic léinn obair dheonach a dhéanamh i dtír i nDeisceart an Domhain ar feadh tréimhse sé seachtaine gach samhradh.Is eagraíocht sheanbhunaithe é SUAS Educational Development a tháinig ó Choláiste na Tríonóide agus atá comhcheangailte leis i gcónaí. Tá cláir oideachais á gcur ar fáil ag SUAS le roinnt blianta in áiteanna éagsúla thar lear, san Afraic agus san India den chuid is mó. Léirítear misean SUAS sa ráiteas seo a leanas óna shuíomh idirlín: *"We see education as key to social transformation and the first and most important step in changing lives".* Tá an ráiteas agus an fhís ghinearálta seo ag teacht le roinnt de threoirphrionsabail agus de thosaíochtaí straitéiseacha IOM.

Sa chéad bhliain aige in IOM, d'earcaigh SUAS naoi mac léinn ó chláir éagsúla IOM chun bheith ina n-oibrithe deonacha ar shocrúchán in Kabwe, sa tSaimbia i rith shamhradh 2016. Tar éis an eispéiris seo 'a d'athraigh a saol', bhunaigh na mic léinn sin Cumann SUAS in IOM san fhómhar, 2016. Tá roinnt imeachtaí campais tionscanta ag an gcumann seo agus thug sé tacaíocht do na rannpháirtithe SUAS a earcaíodh sa choláiste le déanaí. I gcomhar le SUAS, tá na mic léinn a earcaíodh i 2016 ag déanamh obair dheonach ar chláir litearthachta agus uimhearthachta do pháistí i scoileanna DEIS áitiúla. Rachaidh ochtar eile ó IOM ar shocrúchán sa tSaimbia i samhradh 2017.

Tá buíochas ar leith le gabháil leis an mBráthair Joe O'Neill a réitigh an bealach do SUAS in IOM tríd an obair luachmhar a rinne sé ar Réalt a fhorbairt.

5.3 ACMHAINNÍ ARDCHAIGHDEÁIN & FORBAIRT

5.3.1 Institiúid Oideachais Marino, Airgeadas

Toisc gur iontaobhas príobháideach carthanais atá in IOM, tá sí freagrach as a cúrsaí airgeadais féin. Is é cuspóir an Bhoird Rialaithe go bhfeidhmeoidh an Institiúid go brabúsach ar bhonn leanúnach chun acmhainní a fháil dá forás agus dá forbairt. Tá feabhas mór ar chúrsaí airgeadais na hInstitiúide le blianta beaga anuas mar gheall ar an ioncam ón méadú leanúnach ar sholáthar clár IOM agus ar an méadú ar líon na mac léinn. Cuireann Lárionad Comhdhála IOM ioncam suntasach leis sin ar bhonn leanúnach freisin. Tá an iasacht bhainc a fuarthas in 2006 chun íoc as Halla Nagle-Rice agus clós Mhuire a thógáil aisíoctha ina hiomláine ó Dheireadh Fómhair, 2015, rud a chiallaíonn go bhfuil IOM réidh ó thaobh airgeadais de chun breis forbartha ar an gcampas a fhiosrú.

Cé gur baineadh na forbairtí seo amach gan aon chúnamh díreach ón stát, tá IOM fós ag brath ar sholáthar leanúnach airgid ón stát. Léiríodh ar ráitis airgeadais iniúchta 2016 IOM gurb ionann maoiniú na Roinne Oideachais agus Scileanna do na chláir B. Oid. agus MGO agus €5m sa bhliain sin.

Tábla 5.1 Ioncam agus Méadú ar Líon na Mac Léinn 2012-2017

	2012/13	2013/14	2014/15	2015/16	2016/17 (Tuartha)
Ioncam Iomlán (€'000s)	8,112	8,343	9,040	9,780	10,066
Líon na Mac Léinn	578	663	762	835	906

Déanann Coiste Airgeadais an Bhoird Rialaithe, maidir le ceisteanna oibriúcháin agus straitéiseacha, agus Coiste Iniúchta an Bhoird Rialaithe, maidir leis an iniúchadh seachtrach bliantúil agus an clár iniúchta inmheánaigh, maoirseacht ar bhainistíocht airgeadais IOM.

5.3.2 Foirgnimh agus Áiseanna an Champais

Táimid buíoch de Phobal na mBráithre Críostaí as campas álainn a chur ar fáil agus de bhaill Phobal Sheosaimh as a ndíograis leis na blianta ó thaobh sláine na bhfoirgneamh agus na ngairdíní a chaomhnú. Is é an aidhm ná go mbainfear úsáid as na foirgnimh agus na háiseanna go héifeachtach agus go leanfar ag coinneáil dea-bhail ar na háiseanna go léir. Sampla de thionscadal suntasach le déanaí ná an comhaontú le Veolia plc lena ndearnadh infheistíocht de €800k san éifeachtúlacht fuinnimh le maoiniú deontais ón SEAI. Tionscadal eile atá ar siúl i gcónaí ná na bunfhuinneoga i bhfoirgneamh Mhuire agus i bhfoirgneamh Phádraig a chaomhnú. Tá Lárionad Marino, faoi Cheann an Chomhdhálaithe agus na nÁiseanna, ag iarraidh spás ar an gcampas a uasmhéadú agus breis ioncaim luachmhair a ghiniúint ar féidir é a chaitheamh ar thionscadail mar sin. Tá cúrsaí amchláir ag éirí níos dúshlánaí dé réir mar a théann líon na mac léinn i méid, d'ainneoin an chuir chuige chomhoibrigh trína mbaintear úsáid as seomraí ranga agus as seomraí comhdhála ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir. I 2017, rinneadh spásanna do leachtaí agus do sheimineáir agus oifigí acadúla de na seomraí codlata ar urlár uachtair fhoirgneamh Mhuire chun freastal ar riachtanais IOM atá ag dul i méid.

Tá an cead pleanála do bhealach isteach nua ar Ascaill Uí Ghríofa ar marthain i gcónaí. Cuirfidh sé seo go mór le feiceálacht IOM ar Ascaill Uí Ghríofa agus éascóidh sé le breis slándála a chur ar fáil. I ndiaidh idirbheartaíochta fada casta, tá comhaontú i bprionsabal ann go gceannófar amach ár leas iarmharach léasa sa lóistín 302 leaba do mhic léinn ar an gcampas.

5.3.3 Foireann Ardchaighdeáin agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Is é ceann de chuspóirí sainráite Phlean Straitéiseach IOM 2015–2020 ná 'Foireann acadúil den chéad scoth a earcú a bhfuil an saineolas acu ár gcuspóirí teagaisc, foghlama, ionchuimsitheachta agus comhionannais chomh maith lenár bplean taighde a chur chun cinn'.

Tháinig méadú ar líon na bhfostaithe in IOM, mar a tuairiscíodh ina ráitis airgeadais iniúchta, ó 75 go 85 idir 2014 agus 2016, méadú de 13% – iad go léir i bpoist acadúla nó poist tacaíochta acadúla. Tá méadú tagtha ar an líon sin arís le linn 2016/2017.

Is é polasaí IOM maidir le forbairt foirne ná go moltar don fhoireann, idir fhoireann acadúil agus fhoireann tacaíochta, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a dhéanamh, toisc go gcreidtear gurb é seo an príomhrud a dheimhníonn ardchaighdeáin soláthair. Leagtar béim shuntasach le blianta beaga anuas ar líon na mball foirne a bhfuil cáilíocht dochtúireachta agus taithí iardhochtúireahta acu a mhéadú.

Tá tiomantas i ráiteas misin IOM do 'thimpeallacht oibre ina bhfuil cóimheas, cumarsáid oscailte, cuntasacht, ceannaireacht agus comhoibriú éifeachtach'.

Timpeallacht smaointeach agus spleodrach, ina gcuirtear ionchuimsitheacht agus barr feabhais san oideachas chun cinn

Tá deiseanna gan chuimse, tacaíocht acadúil mhaith agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim éagsúla ar fáil do mhic léinn in IOM.